Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council



# Tuarascáil Bhliantúil 2022

## Ár Misean

**Beidh Port Láirge, atá ina Príomhchathair san Oirdheisceart, ina áit bhríomhar inbhuanaithe dá muintir go léir a chónaíonn, a oibríonn nó a thugann cuairt ar an áit, nó dóibh siúd a dhéanann infheistíocht anseo.**

## Ár bhFís

Go mbeidh Port Láirge uaillmhianach, forásach agus nasctha. Áit a mbaineann ár ndaoine go léir taitneamh as an saol, agus folláine an duine agus deiseanna ina chroílár

Go mbeidh teacht ag muintir Phort Láirge ar údarás áitiúil atá freagrach, gairmiúil agus atá dírithe ar dhaoine agus atá ceangailte ar leibhéal straitéiseach leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

Go mbeidh Port Láirge agus an tOirdheisceart i suíomh oiriúnach chun ceannaireacht a dhéanamh maidir le forbairt gnó, fás eacnamaíoch agus barr feabhais oideachais

Go dtabharfaidh Port Láirge cáilíocht saoil uathúil do chách agus go mbeidh áiseanna den scoth agus tírdhreach nádúrtha agus radharcra gan mhilleadh. Is ceann scríbe aitheanta turasóireachta í a thugann ómós dá oidhreacht chultúrtha agus stairiúil mar an Chathair is sine in Éirinn.

# Réamhfhocal ón Méara

***'Vótáladh Port Láirge mar an Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann, agus creidim go léiríonn an tuarascáil seo na céimeanna a ghlacamar chun an teideal sin a ghnóthú, an méid a bhaineamar amach ó 2021 agus an méid a bhfuil sé mar aidhm againn a bhaint amach in 2023'***

Mar Mhéara Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2022 a chur i láthair. Vótáladh Port Láirge mar an Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann, agus creidim go léiríonn an tuarascáil seo na céimeanna a ghlacamar chun an teideal sin a ghnóthú, an méid a bhaineamar amach ó 2021 agus an méid a bhfuil sé mar aidhm againn a bhaint amach in 2023. Chuir muintir Phort Láirge, foireann Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, an earnáil reachtúil, chultúir, phoiblí agus dheonach níos leithne agus na hionadaithe tofa fáilte roimh 2022, tráth ar thosaigh srianta Covid ag dul in éag faoi dheireadh agus ar thosaigh cúrsaí ag dul ar ais mar a bhíodh. Is mian liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil libh ar fad as an rannchuidiú a thug sibh sna cúinsí nach bhfacthas riamh cheana le blianta beaga anuas agus tá ríméad orm ár gcontae áláinn a fheiceáil beo bríomhar arís.



**An Comhairleoir John O'Leary**
Mhéara Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

Chomh maith le cúrsaí ag dul ar ais mar a bhíodh, tháinig roinnt mhaith athruithe eile a chabhraigh le dícharbónú Phort Láirge, amhail tabhairt isteach na Scéime um Thaisteal Gníomhach. D'fháiltíomar roimh an maoiniú breise chun na Céanna ó Thuaidh a fhorbairt freisin agus táimid ag súil leis an tionscadail sin a thosú in 2023.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Michael Walsh, agus lena Foireann Bainistíochta, le foireann uile Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus le mo chomhghleacaithe na Comhairleoirí agus na comhaltaí Oireachtais as a gcuid oibre crua leanúnaí le bliain anuas.

Daoine fáiltiúla iad muintir Phort Láirge a bhfuil an muintearas go smior iontu, agus táim ag súil lena fháil amach cad é atá romhainn in 2023.

# Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach

*‘Fearaim fáilte roimh 2023 agus creidim gur bhliain thar a bheith dearfach do Phort Láirge a bheidh inti. Tá súil agam go léireofar arís trí fhorbairtí na bliana seo an fáth gur vótáladh Port Láirge mar ‘An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann’*

Ag féachaint siar ar 2022, tá bród orm an méid a bhaineamar amach mar chomhairle agus mar chontae a fheiceáil.

Tá sláinte agus folláine ár saoránach agus ár bhfoirne rí-thábhachtach dúinn agus tá líon mór tionscadal caipitil ar bun againn a dhíríonn go háirithe ar fhorbairt agus ar chothabháil áiseanna fóillíochta ar fud an chontae, amhail Rian Glas na nDéise a shíneadh chuig Carraig na bhFraochán forbairt ar na Céanna ó Thuaidh.

D’fhógraíomar anuraidh go bhfuil sé de rún againn a bheith ar an gcéad Chathair Dhícharbónaithe in Éirinn agus tá an rún sin fós chun tosaigh ar ár gclár oibre glas. Mar chéim i dtreo an aidhm sin a bhaint amach, sheolamar an Scéim um Thaisteal Gníomhach agus an Scéim um Chomhroinnt Rothar i mbliana. Maidir le tionscadail chomhshaoil, sheolamar 2GoCups, cupáin in-athúsáidte, chun an líon cupán caife pláisteach agus páipéir a úsáidtear a laghdú.

Fearaim fáilte roimh 2023 agus creidim gur bhliain thar a bheith dearfach do Phort Láirge a bheidh inti. Tá súil agam go léireofar arís trí fhorbairtí na bliana seo an fáth gur vótáladh Port Láirge mar ‘An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann’.

Táim ag súil le bheith ag obair leis an bpobal, le m’Fhoireann Bainistíochta agus le foireann uile na heagraíochta ar na tionscnaimh inbhuanaitheachta atá beartaithe againn agus táim an-tógtha leis an bhféidearthacht d’áit inbhuanaithe a dhéanamh de Chathair agus de Chontae Phort Láirge do na daoine ar mian leo cónaí, oibriú nó infheistiú anseo nó cuairt a thabhairt orainn.



**Michael Walsh**
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Príomhfheidhmeannach

# Clár Ábhar

**Forléargas** 2
1.1 Maidir le do Chomhairle 3
1.2 Príomhréimsí Seirbhíse 3
1.3 Cruinnithe Comhairle 4
1.4 Coistí um Beartas Straitéiseach (CBS) 4
1.5 Sracfhéachaint ar na Féilte 6

**Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024** 8
2.1 Port Láirge mar spreagadh do gheilleagar réigiún an Oirdheiscirt 9
2.2 Cothromaíocht a bhaint amach idir Forbairt Tuaithe agus Uirbeach 11
2.3 Cultúr Fáis a Chothú 12
2.4 Daoine agus Pobail 14
2.5 Bunsraith Láidir 17

**Grianghraif ó 2022** 18

**Aguisíní** 22



Ceapadh BAM mar chonraitheoir don tionscadal Bonneagar Poiblí do na Céanna ó Thuaidh



# 1. Forléargas

## 1.1 Maidir le do Chomhairle

Tháinig Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar an bhfód in 2014, tar éis de chónascadh a dhéanamh idir Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge. Roinneann Corcaigh, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann agus Loch Garman teorainn le Contae Phort Láirge, agus is í Cathair Phort Láirge an phríomhchathair agus an spreagadh do gheilleagar réigiún Oirdheiscirt na hÉireann, an 6ú réigiún is tapúla fáis san Aontas Eorpach. Daonra de 127,085 atá sa chontae.

Tá an Chomhairle comhdhéanta de 32 ionadaí tofa i 6 thoghcheantar. Is iad na comhaltaí a thoghann an Méara gach bliain. I gcomhar leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach (GBC), déanann 5 Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) beartais a fhorbairt agus a mholadh don Chomhairle. Tá na Coistí comhdhéanta de na hearnálacha gnó, feirmeoireachta, pobail agus ceardchumann.




Seoladh Fheachtas an Tascfhórsa um Bruscar Guma Coganta i nDún Garbhán

## 1.2 Príomhréimsí Seirbhíse

Tá struchtúr bainistíochta Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge deighilte ina 5 stiúrthóireacht, agus tá Stiúrthóir Seirbhísí ag gach ceann. Is é an Príomhfheidhmeannach, an tUas. Michael Walsh, a stiúrann an Fhoireann Bainistíochta.

### Forbairt Eacnamaíoch

- Forbairt eacnamaíoch agus infheistíocht sa chontae a chur chun cinn
- Forbairt agus tacaíochtaí fiontar
- Bainistíocht sócmhainní
- An contae a chur chun cinn agus forbairt turasóireachta

### Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála

- Clár tithíochta sóisialta
- Leithdháiltí, cothabháil agus athchóiriú tithíochta
- Seirbhísí sóisialta, bainistíocht eastát agus forbairt pobail
- Tionscnaimh um aoisbhá agus ionchuimsiú sóisialta
- Cláir spóirt agus tionscnaimh sláinte agus folláine
- Cláir áitiúla agus forbartha pobail
- Caidreamh leis an bpobal trí Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (LRP)

### Seirbhísí Pleanála, Corparáideacha, Cultúir, AD agus CF

- Cruinnithe na Comhairle Cathrach agus Contae agus na CPSanna a fheidhmiú go rathúil
- Fáiltithe cathartha agus méara a eagrú
- Seirbhísí do Chustaiméirí
- Forlíonadh ar Chlár na dToghthóirí a fhoilsiú
- Scéim na Gaeilge a chur i bhfeidhm go leanúnach
- Acmhainní Daonna agus Oiliúint
- Seirbhísí Faisnéise
- Seirbhísí Leabharlainne, an Oifig Ealaíon & bonneagar cultúir
- Foráil a dhéanamh do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an chontae
- Pobail agus fiontar inbhuanaithe a chur chun cinn agus a éascú

### Bóithre, Uisce agus Comhshaol

- Truailliú Aeir, Tránna, Salú ag Madraí
- Bruscar, Truailliú ó Thorann, Scoileanna agus Feasacht
- Páirceanna agus spásanna oscailte
- Bóithre agus Páirceáil
- Seirbhísí Tréidliachta
- Biúró Fuinnimh Phort Láirge
- Athrú Aeráide
- Bainistíocht Dramhaíola

### Airgeadas agus Bainistíocht Costas


- Acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú
- Iasachtaí agus léasanna a éascú, agus infheistíocht cistí a rialú
- Deontais agus fóirdheontais faoi scéimeanna maoinithe éagsúla a riar
- Ráitis airgeadais, buiséid, ráitis etc. a ullmhú
- Rátaí tráchtála, etc. a riar

## 1.3 Cruinnithe Comhairle

Tionóladh 77 gcruinniú, lenar áiríodh cruinnithe Iomlánacha Comhairle, Coistí na Limistéar Cathrach, Toghcheantar an Chomaraigh, Ceantar Dhún Garbhán- an Leasa Mhóir, Grúpa um Beartas Corparáideach (GBC) agus Coistí Ceantair:

**An Chomhairle Iomlánach**

- 11 Chruinniú Iomlánaíoch Comhairle
- 24 Chruinniú Speisialta
- 21 Cheardlann Chomhairleoirí




**An Chomhairle Uirbeach**

- 11 chruinniú den Chomhairle Uirbeach
- 25 Cheardlann Chomhairleoirí

**Comhairle an Chomaraigh**

- 10 gcruinniú de Chomhairle an Chomaraigh
- 8 gCeardlann Chomhairleoirí

**Comhairle Dhún Garbhán/an Leasa Mhóir**

- 11 chruinniú de Chomhairle Dhún Garbhán/an Leasa Mhóir
- 15 Cheardlann Chomhairleoirí

Ina theannta sin, tionóladh:

- 22 chruinniú de na 5 Choiste um Beartas Straitéiseach
- 5 chruinniú den Choiste Iniúchta
- 11 chruinniú den Ghrúpa um Beartas Corparáideach

## 1.4 Coistí um Beartas Straitéiseach (CBS)

**CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch & Fiontar**
***Cathaoirleach: an Comhairleoir Pat Nugent***

Tháinig an CBS seo le chéile 6 huaire in 2022 chun breithniú a dhéanamh i ndáil le beartais sna réimsí a leanas:

- Athbhreithniú ar Thionscadail Chaipitil
- Lár Bailte ar dTús
- Athbhreithniú ar Chorrthrádáil
- Coiste Comhairleach maidir le Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail
- Straitéis Eacnamaíochta Phort Láirge
- Beogacht i Lár na Cathrach & na mBailte
- Kinetic Labs
- Athbhreithniú ar an Scéim Dreasachtaí Rátaí

Rinne na dreamanna a leanas cur i láthair don CBS

- Oifig Fiontair Áitiúil Phort Láirge
- Boxworks

**CBS um an gComhshaol, Bithéagsúlachta agus Gníomhú ar son na hAeráide**
***Cathaoirleach: an Comhairleoir Pat Fitzgerald***

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huaire in 2022 chun breithniú a dhéanamh i ndáil le beartais sna réimsí a leanas:

- Dréacht-bheartas maidir le Reiligí arna bhFeidhmiú ag an gComhairle
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021
- Dréacht-fhodhlíthe maidir le Bruscar 2022
- An Feachtas Ná Fág Lorg
- Tuarascáil ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme na Straitéise Oiriúnaithe Aeráide 2019 – 2024
- Tuarascáil ar Cháilíocht an Uisce Snámha ag Dún Mór
- An Feachtas Laghdaigh d'Úsáid – Dréachtleabhrán faoi Chaomhnú Fuinnimh



Suiteáladh Braiteoirí Toillte ag 70 Ionad Fág Anseo

- Plean CCCPL um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023
- Rialacháin maidir le Breosla Soladach
- Tionscadal na mBanc Buidéal Cliste

**CBS Tithíochta**
***Cathaoirleach: an Comhairleoir Eamon Quinlan***

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huaire in 2022 chun breithniú a dhéanamh ar bheartais sna réimsí a leanas:

- Cóiríocht agus seirbhísí eile do dhaoine as an Úcráin
- An Scéim um Thithíocht Inacmhainne
- Teaghaisí Folmha & Foirgnimh Thréigthe
- An Scéim Rogha Tithíochta
- Deontais Phobail Phort Láirge
- An Straitéis um Iompar Frithshóisialta
- Plean nua na Seirbhísí Leabharlainne do na hEalaíona
- Comhpháirtíocht um Shábháilteacht Pobail
- An Straitéis um Éire Ildánach


Forbairt nua i gCarraig Phiarais á seoladh ag an Aire Tithíochta

- Straitéis an Ghrúpa Stiúrtha um Míchumas
- Moltaí don Cheantar Gaeltachta
- An Clár um Fhanacht Slán Sábháilte
- Bealach na Laoch

**CBS Pleanála**
***Cathaoirleach: an Comhairleoir Thomas Phelan***

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huaire in 2022 chun breithniú a dhéanamh ar bheartais sna réimsí a leanas:

- Plean Forbartha 2022-2028
- An Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha 2022-2028
- Cáin ar Thalamh Chriosaithe Cónaithe
- Plean Ceantair Áitiúil – Dún Garbhán & Trá Mhór
- Láithreáin Thréigthe
- An Beartas um Thógáil i gCúram 2023
- Plean Léirmhíniúcháin do Chathair Mheánaoiseach Phort Láirge


Plean Forbartha Chathair agus Chontae Phort Láirge 2022-2028 á sheoladh

***CBS Iompair & Bonneagair***
***Cathaoirleach: an Comhairleoir Seamus O' Donnell***

Tháinig an CBS seo le chéile 4 huaire in 2022 chun breithniú a dhéanamh ar bheartais sna réimsí a leanas:

- Scéim Rothar na Cathrach
- Plean um Líonra Rothaíochta Chathair Phort Láirge
- Tionscadal an Údaráis Náisiúnta Iompair – BusConnects
- Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Phort Láirge (WMATS)
- Bealaí Nasctha Áitiúil
- Tionscadail um Thaisteal Gníomhach.
- An Clár um Bealach Sábháilte chun na Scoile (Taisteal Gníomhach)
- Páirceáil – Veaineanna Campála, Carrchlóis Shealadacha, i dTrá Mhór
- Pointí Luchtála d'Fheithiclí Leictreacha
- Fodhlíthe – Rialú ar Pháirceáil, Iuasteorainneacha Speisialta, Tránna



Scéim an TFI um Chomhroinnt Rothar á seoladh i gCathair Phort Láirge

## 1.5 Sracfhéachaint ar na Féilte

Thosaigh cúrsaí ag dul ar ais mar a bhíodh in 2022, rud a d'fhág gur reáchtáladh féilte agus imeachtaí arís. Bhí ríméad ar dhaoine a bheith in ann páirt a ghlacadh in imeachtaí arís tar éis 2 bhliain d'imeachtaí a bheith á gcur ar ceal agus srian a bheith á chur ar líon rannpháirtithe na n-imeachtaí a reáchtáladh.
An chéad fhéile a bhí ann ná Salute to Spring [Ómós don Earrach] le Spraoi, a tionóladh ar an 1 Feabhra i nDún Garbhán. Chruthaigh Spraoi suiteáil ealaíne ollmhór ar bhallaí seachtracha an Ionaid Ealaíon a lasadh le soilse istoíche agus a fágadh ann le linn mhí Feabhra ar fad.
Ní hamháin go raibh mórshiúl ann Lá Fhéile Pádraig den chéad uair ó 2019, ach reáchtáladh féile trí lá freisin, ón 17 o 19 Márta. Cuireadh fáilte roimh an mórshiúl trí shráideanna Phort Láirge agus leis an bhféile ina raibh ceol, marcaíochtaí pháirc aonaigh, siamsaíocht agus tinte ealaíne.

Thug Prionsa na Breataine Bige agus Bandiúc Cornwall cuairt ar Chathair Phort Láirge i mí an Mhárta, faoi spéir ghorm agus ghrianmhar. Tugadh an Prionsa Séarlas agus a bhean chéile Camilla ar shiúlóid stairiúil sa chathair agus thug siad cuairt ar áiteanna suntasacha eile i bPort Láirge.



An Rí Séarlas ar cuairt chuig Port Láirge

Vótáladh Port Láirge mar An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann in 2021 agus ceiliúradh é sin in 2022 i gCearnóg John Roberts i gCathair Phort Láirge le ceol, draíocht agus siamsaíocht saor in aisce don teaghlach. Ina dhiaidh sin bhí tráthnóna spraoi don phobal sa phlás nua i dTrá Mhór, le ceol beo agus siamsaíocht sráide chun oscailt oifigiúil an spáis athnuachana uirbigh nua a cheiliúradh.

Tionóladh an 13ú Féile Bia Phort Láirge Thiar i mí an Mheithimh tar éis sos dhá bhliain. Rinne táirgeoirí, chefanna, soláthróirí, saothróirí agus grúdairí ullmhúcháin do cheann de na féilte bia is mó in Éirinn a tharraing aird ar Phort Láirge Thiar agus ar an tallann chócaireachta iontach atá ann.
Ceiliúradh muintir, cultúr agus pobail LADTA+ i mí an Mheithimh le linn mhí an Bhróid. Tionóladh an chéad Mórshiúl Bróid riamh i nDún Garbhán agus maisíodh Cearnóg le meirgí Bróid agus beagnach 800 troigh de stiallbhratacha Bróid ar feadh na Príomhshráide, Shráid Uí Chonaill, Shráid Meagher agus ar feadh an Tóchair. Bhí ceardlanna, Mórshiúl Bróid ó Chearnóg na hArdeaglaise go dtí an Ceathrú Cultúir, Cóisir Bhróid don Óige GAYREA, Rothaíocht Bhróid ar Rian Glas na nDéise agus ceiliúradh Bhróid na Tuaithe san áireamh sa chlár.

Bhí Féile Fhiáin an Chomaraigh ar ais ón 7 go 10 Iúil tar éis sos de bharr COVID, agus bhí sí níos mó agus níos fearr ná riamh. Bhí go leor imeachtaí spraíúla do theaghlaigh agus neart le déanamh agus le feiceáil dóibh siúd is spéis leo an saol amuigh faoin aer.




Féile Fhiáin an Chomaraigh 2022

Bhíothas sásta an Fhéile Spraoi a fheiceáil ar ais nuair a tionóladh an 30ú féile deireadh seachtaine saoire bainc mhí Lúnasa. Deireadh seachtaine lán le siamsaíocht agus taibhithe beo a bhí ann agus mórshiúl agus tinte ealaíne mar bhuaicphointe aige.

Tionóladh an Vitamin Sea Festival [Féile Vitimíní na Mara] i mí Mheán Fómhair. Ceiliúradh ar bhia Thrá Mhór agus ar an saol amuigh faoin aer ann a bhí sa deireadh seachtaine spraíúil seo don teaghlach.

D’fhill an Fhéile Bluegrass ar Dhún Mór agus d’fhreastail go leor daoine ar an mbaile cois farraige, iad gléasta mar bhuachaillí bó, chun sult a bhaint as an gceol le linn an deiridh seachtaine.

Ceiliúradh Féile an Fhómhair don 13ú bliain i gCathair Phort Láirge. Díríodh go mór ar inbhuanaitheacht, léiríodh oidhreacht shaibhir bhia Phort Láirge agus ceiliúradh an rogha mhór bialann, caiféanna agus táirgeoirí sa Chontae.
Cheiliúir an Fhéile Imagine Arts Festival 21 bhliain ar an bhfód leis an amharc-ealaíontóir Gottfried Helnwein agus an t-údar, amhránaí agus scríbhneoir amhrán, Declan O’Rourke, i láthair ag Ardeaglais Theampall Chríost. Tionóladh imeachtaí éagsúla ar fud na cathrach le linn na féile 5 lá, ina measc taibhithe ceoil, turais ar an nDrioglann agus turais ag na láithreáin stairiúla.



Rince Tine Ghrianstad an Gheimhridh




Féile an Fhómhair



Winterval

Bhí Winterval ar ais don 10ú bliain agus an fhéile níos mó ná riamh. Bhí margaí bia agus ceardaíochta ann, roinnt mhaith de na taitneamhachtaí bunaidh agus go leor cinn nua, ceol beo agus taibhithe beo, agus taispeántas draíochtúil de mhaisiúcháin na Nollag.

Rince Tine Ghrianstad an Gheimhridh a chuir clabhsúr le 2022. Nochtadh clog ollmhór amuigh faoin aer ag Músaem an Ama ag Dánlann na Liathbhráithre. Bhí taibhithe beo ag an bPlás Theas ina dhiaidh sin agus taispeántas iontach eile tinte ealaíne. Bhí ceol beo i nDún Garbhán freisin agus taispeántas tinte ealaíne ar na Céanna.




Féile Phádraigl



# 2. Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

I bPlean Corparáideach Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge (CCCPL) 2020 – 2024, sainaithnítear cúig aidhm chorparáideacha ardleibhéil lena mbaineann cuspóirí agus straitéisí comhfhreagracha. Tugtar tuairisc sa chaibidil seo ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí agus straitéisí sin faoi gach téama.

## 2.1 Port Láirge mar spreagadh do gheilleagar réigiún an Oirdheiscirt

Is é Port Láirge an ceantar uirbeach is mó san Oirdheisceart, agus mar sin is é an príomhspreagthóir é d'fhás an réigiúin. Sainaithníodh Port Láirge mar an bpríomhlimistéar uirbeach sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus mar an inneall do gheilleagar an réigiúin. Tá cáil ar Phort Láirge mar ionad tionsclaíoch agus tá éabhlóid ag teacht air agus é ag mealladh cuideachtaí agus tallann domhanda sa teicneolaíocht agus sa chógaisíocht chun na háite.

Tá an earnáil déantúsaíochta a bhfuil rochtain dhomhanda aici láidir i gcónaí agus ciallaíonn éagsúlacht na n-earnálacha go bhfuil níos mó cuideachtaí eachtracha teicneolaíochta, cógaisíochta agus eolaíochtaí ag roghnú Phort Láirge.

Mar an réigiún cathrach is mó in Éirinn, ina gcónaíonn 635,000 duine laistigh de dhobharcheantar 60-nóiméad, soláthraíonn an chathair rogha iarbhír ar Bhaile Átha Cliath, go háirithe i bhfianaise an nascacht, an bonneagar agus na saineolaithe atá anseo.

Is comhartha é an fógra ón Rialtas le déanaí go ndéanfar infheistíocht €170.6m sa tionscadal Bonneagar Poiblí do na Céanna ó Thuaidh i bPort Láirge ar an athrú ó bhonn a thiocfaidh ar fhorbairt eacnamaíoch Phort Láirge amach anseo, agus ar na hearnálacha comhshaoil, turasóireachta, miondíola agus cultúir. Ceapadh BAM chun an mol iompair comhtháite nua agus an droichead iompair inbhuanaithe nua a thógáil, agus ceapadh Harcourt Developments chun forbairt tráchtála a dhéanamh ar an láithreán. Tá an tionscadal seo á chur i bhfeidhm faoi láthair agus tús curtha le tionscadail chumasaithe: tá tús curtha leis tógáil an Stáisiúin Caidéalúcháin nua ag Port an Chalaidh, le hoibreacha cumasaithe ag an bPlás Theas don droichead iompair inbhuanaithe agus le hoibreacha cobhsúcháin carraige ag Stáisiún Phluincéid.

Seoladh Treochlár Dícharbónaithe Phort Láirge anuraidh agus tá céimeanna glactha ag Rannóg Comhshaoil na Comhairle chun neodracht ó thaobh charbóin de a bhaint amach. Tá soilse LED atá tíosach ar fhuinneamh á gcur in ionad na soilse poiblí, an t-úsáideoir fuinnimh is mó. Tairgeadh Lascaine ar Rátaí do ghnólachtaí a dhéanann oibreacha ar son na héifeachtúlachta fuinnimh chun tacú leo agus iad ag aistriú  chuig neodracht ó thaobh carbóin de. Tá tús curtha ag an gComhairle lena flít féin a leictriú agus dhá veain leictreacha nua faighte aici.

An 1 Bealtaine 2022, bhunaigh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíochta, Simon Harris, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). Beidh ról lárnach ag SETU i bhforbairt Phort Láirge, trí fhiontair bheaga agus mheánmhéide, infheistíocht dhíreach eachtrach agus infheistíocht isteach, trí nasc a chruthú idir eolas, taighde, oideachas, nuálaíocht agus comhoibriú idirnáisiúnta. Tríd an gcéad ollscoil teicneolaíochta a thabhairt isteach sa réigiún, cuirtear sreabhadh tallainne acadúla de 15,000 mac léinn ar fáil, 5,000 díobh ag baint céim amach gach bliain, agus béim láidir ar STEM.

Cuireadh tús leis an obair tógála chun Rian Glas na nDéise a shíneadh chuig Carraig na bhFraochán. Leis an infheistíocht €6.8 milliún seo sa Rian Glas, nascfar Dún Garbhán go díreach le Lár na Cathrach agus éascófar an nasc chuig Rian Glas Ros Mhic Thriúin freisin, rud a threiseoidh an líonra rianta glasa i Port Láirge agus ar fud réigiún  an Oirdheiscirt.



An Plás Theas agus an Droichead Iompair Inbhuanaithe

## Bainistiú Talún agus Maoin Sealbhais


Déanann an Roinn um Bainistiú Maoin Sealbhais bainistiú ar thalamh agus ar mhaoin (seachas tithe údaráis áitiúil) ar leis an gComhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad. Áiríodh ar thionscadail ar feadh na stiúrthóireachtaí in 2022:

- Forbairt an tsínte ar an Rian Glas ó Charraig na bhFraochán go dtí Lár na Cathrach; ceannach talún ag Baile an Rodaigh, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge chun forbairtí bóthair a dhéanamh; ceannach talún ag Cnoc an Óir, Co. Phort Láirge chun feabhsúcháin chosáin a dhéanamh; tús curtha leis an bpróiseas ceannaigh chun carrchlós nua a fhorbairt ag Aird Mhór; rochtain ag an bpobal ar Ché an Droma Mhóir; tailte a cheannach ó CIE ag Bóthar na Mainistreach don Rian Glas; agus lean an Stiúrthóireacht Bóithre, Iompair agus Bonneagair de theidil a thabhairt chun rialtachta ar charrchlóis na Comhairle ar fud an chontae.

- Diúscairt chuig Harcourt Developments tugtha chun críche, diúscairtí agus ceannach tailte chuig CIE agus uaidh tugtha chun críche chun forbairt an Mhoil Iompair nua agus an Droichid do Choisithe a éascú chun Na Céanna ó Thuaidh a fhorbairt; oibriú leis an bhfoireann URDF chun an Triantán Lochlannach agus maoine sealbhais sa Cheathrú Cultúir a ath-fhorbairt, lena n-áirítear ordú ceannaigh éigeantaigh maidir le 25&26 Sráid Uí Chonaill, Cathair Phort Láirge, an láithreán ar a mbíodh an Munster Express, 37 An Ché agus 1-7 Sráid Hanover a cheannach, iar-áitreabh Bhanc na hÉireann ag Lios Mór a cheannach agus Club CLG Port Lách a cheannach don Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach; leanúint de Chlár Athghiniúna Cheapach Choinn, plean athghiniúna Airde Móire – ceannach agus diúscairt mholta agus moil chianoibre sa chathair agus sa chontae don Chiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch.

- Diúscairt talún, díol maoine sealbhais agus pleananna áitiúla ag Lidl, Bóthar an Aonaigh, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge; Lidl, Carraig Phiarais, Cathair Phort Láirge; An Baile Beag, Cathair Phort Láirge; agus créamatóiriam, Trá Mhór, Co. Phort Láirge.

- 38 dteach agus 26 árasán a cheannach le haghaidh Tithíocht Shóisialta, láithreáin ag 49 Baile Bhricín, 2 láithreán ag 8 & 9 Lána an tSéipéil le haghaidh Tithíocht Shóisialta agus láithreán ag an áit ina mbíodh Mainistir De La Salle a cheannach don Stiúrthóireacht Tithíochta.




Maoin sealbhais sa Cheathrú Cultúir

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## 2.2 Cothromaíocht a bhaint amach idir Forbairt Thuaithe agus Uirbeach

Tá an Chomhairle tiomanta d'fhorbairt chothrom a dhéanamh ar fud Chathair agus Chontae Phort Láirge trí fhorbairt ar ár bpríomhionaid uirbeacha a spreagadh; Cathair Phort Láirge, Trá Mhór & Dún Garbhán, agus pleanáil le go leanfaidh Dún Mór, Port Lách, Lios Mór, Tulach an Iarainn, Coill Mhic Thomáisín, An Pasáiste agus Ceapach Choinn de bheith mar phríomh-spreagadh don fhás tuaithe.

An chéad aidhm atá ag an gComhairle sa réimse seo ná ár bpríomh-ionaid uirbeacha a fhorbairt lena chinntiú go mbeidh siad ar fad beomhar agus slachtmhar, agus a mbeidh miondíol, gnó agus caighdeán beatha chun tosaigh iontu. D'éirigh leis an gComhairle maoiniú €1.4m a fháil le haghaidh trí Mhol um Aistriú Digiteach i nDún Garbhán faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe (RRDF) chun áiseanna cianoibre a chur ar fáil i lár an bhaile. Cuirfidh siad acmhainneacht ar fáil do 190 duine atá ag oibre i lár bhaile Dhún Garbhán. Cuireadh maoiniú €5m ar fáil tríd an RRDF freisin chun na Moil Fiontair i dTulach an Iarainn, Lios Mór, Ceapach Choinn agus sa Bhaile Nua a oscailt go hoifigiúil.

Anuraidh, d'éirigh le Cathair Phort Láirge leithdháileadh €27,660,000 a fháil ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach (URDF), le haghaidh tionscadal uaillmhianach athghiniúna i Lár na Cathrach. In 2022, chuir CCCPL tús leis an obair ag 16-18 Plás Barker, lena ndéanfar athchóiriú ar urlár na talún den fhoirgneamh chun spás don phobal agus spás ealaíon/siamsaíochta a chur ar fáil ar Shráid Uí Chonaill. Leis an spás sin, cuirfear áis ar fáil do ghrúpaí áitiúla chun ceardlanna, cruinnithe agus imeachtaí a reáchtáil i gcroílár na Ceathrún Cultúir. Tá coinne leis go dtabharfar an tionscadal chun críche in R2 de 2023.

Tá imeachtaí reachtúla maidir le scéim Ché na Paráide le tosú in 2023 tar éis a fógartha i mí na Samhna. Faoin tionscadal seo, déanfar athghiniúint ar ghné eile laistigh den Triantán Lochlannach chun árais chónaithe os cionn na spásanna tráchtála athchumraithe a chur ar fáil agus chun feabhas a chur ar an ríocht phoiblí trí Chearnóg na Mainistreach, agus bealaí coisithe a oscailt thart ar Eaglais na Liathbhráithre.

Tugadh oibreacha ar ríocht phoiblí Thrá Mhór chun críche in 2022, rud a chuir feabhas ar an bPríomhshráid don phobal a chónaíonn ann agus do chuairteoirí. Rinneadh oibreacha ag Uimh.9, An Phríomhshráid freisin chun an mhaoin a chur in úsáid arís agus é mar aidhm leis spás breise miondíola a chruthú le haonad cónaithe ós a chionn. Cuireadh tús le hoibreacha chun Gairdíní agus Eastát Bhruachaille a athchóiriú agus a athfhorbairt, agus iad a oscailt go hoifigiúil sa chéad ráithe de 2023.



An tAire i bPort Láirge ag oscailt oifigiúil na Mol Fiontair ag Tulach an Iarainn, Lios Mór, Ceapach Choinn agus An Baile Nua

Tá sé d'aidhm ag an gComhairle tionchar na forbartha tuaithe a uasmhéadú trí mhaoiniú náisiúnta a úsáid faoin clár LEADER i gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil, agus chun teacht ar mhaoiniú láir an Rialtais/an Aontais Eorpaigh faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe, faoin Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, faoi CLÁR agus faoin Scéim um Bonneagar don Chaitheamh Aimsire Lasmuigh, i measc foinsí eile.


Oibreacha Bóthair ag Crosaire Chearúill

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## 2.3 Cultúr fáis a chothú

Is é cuspóir Phlean Chorparáidigh na Comhairle ná go mbeidh plean comhtháite ann d'fhorbairt inbhuanaithe réigiún Phort Láirge amach anseo, go ndéanfar forbairt ar an Limistéar Cathrach i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara agus go gcinnteoidh gníomhaireachtaí stáit go bhfeabhsófar agus go dtacófar le ról sainaitheanta na Cathrach mar an bpríomhlimistéar uirbeach i réigiún an Oirdheiscirt.

Aithníonn an Chomhairle gurb é an toradh ar Phort Láirge a bheith láidir ná go bhforbrófar réigiún an Oirdheiscirt, rud a fheabhsóidh fás eacnamaíoch agus a chruthóidh deiseanna fostaíochta breisluacha.

Chun tacú leis na cuspóirí sin, is é an aidhm atá againn tacú le fás inbhuanaithe ar an daonra ar fud an chontae trí ordlathas lonnaíochta soiléir a shainaithint chun tacú le beartas pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach, chun spriocanna don soláthar tithíochta mar a leagtar amach in Atógáil na hÉireann a bhaint amach agus a shárú, más féidir, agus chun tacú le tionscnaimh um fhiontar glas a chuidíonn leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

### Leabharlanna Phort Láirge

In 2022, chuaigh Leabharlanna Phort Láirge ar ais ar uaireanta agus seirbhísí iomlána tar éis tréimhse fhada de sheirbhísí cianda de bharr Covid-19. Dámhadh os cionn €310,000 ar Leabharlanna Phort Láirge faoin tionscnamh 'Mo Leabharlann Ar Oscailt' chun síneadh a chur le huaireanta oscailte agus rochtain níos mó ar sheirbhísí a chur ar fáil, chomh maith le €33,597 chun cuidiú le seirbhísí a shíneadh chuig daoine agus grúpaí imeallaithe.




Tracy McEneaney Leabharlanna Phort Láirge

### Forbairt Turasóireachta, Fiontair & Eacnamaíoch

Bhí an bhliain lán gníomhaíochta d'fhoireann turasóireachta na Comhairle, lena n-áirítear seoladh Scéalta Bia an Oirdheiscirt, tionscnamh chun feasacht faoin mbia iontach atá ar fáil i bPort Láirge a mhéadú. Roghnaíodh Músaem an Ama mar an t-aon iomaitheoir as Éirinn sa bhabhta ceannais de Ghradaim Turasóireachta Idirnáisiúnta Chumann Scríbhneoirí Ábhar Taistil na Breataine 2022 [British Guild of Travel Writers International Tourism Awards 2022] agus suiteáladh an píosa dealbhóireachta 'Flying Clock' ag bealach isteach an mhúsaeim.

Rinneadh athchóiriú ar Ghairdíní Bhruachaille chun an áis iontach sin a fheabhsú tuilleadh agus osclófar go hoifigiúil iad in 2023. Faomhadh na hIonaid Éascaithe Gníomhaíochta i dTrá Mhór agus in Aird Mhór in 2022 agus tá coinne leis go dtosófar an obair orthu in 2023. Cheiliúir Rian Glas na nDéise an cúigiú bliain ar an bhfód agus tarraingíodh aird ar na deiseanna a chuireann an áis seo ar fáil do Phort Láirge.

Bhí bliain ghnóthach ag an Rannóg Forbartha Eacnamaíche freisin. Tugadh an Tionscadal Interreg Blasanna Áitiúla chun críche, tionscadal arbh aidhm aici cáil agus próifíl thairiscint turasóireachta Phort Láirge a fheabhsú. Leanadh de thacaí gnó a sholáthar tríd an Scéim um Dhreasacht Eacnamaíoch do ghnólachtaí nua agus tríd an Scéim um Aghaidheanna Siopaí a Fheabhsú maidir le cur i láthair lárionad uirbeach. Díol suntais eile don Rannóg Forbartha Eacnamaíche ná gur éirigh thar cionn le féilte na bliana freisin, agus cuireadh fáilte ar ais roimh Fhéile Fhiáin an Chomaraigh, Fhéile an Fhómhair agus Winterval, an fhéile gheimhridh is mó in Éirinn.

Ina theannta sin, bhí ról lárnach ag foireann Oifig Fiontair Áitiúil (LEO) Phort Láirge maidir le cuidiú le gnólachtaí aistriú chuig trádáil ar líne le linn na bliana. Leanadar orthu ag cur acmhainní luachmhara ar fáil ar líne, ar an teileafón agus ar an láthair freisin.



Gradaim Dhigiteacha Fhiontar Áitiúil Phort Láirge

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## An Saol Cultúrtha

Bhí tús láidir ag an tSeirbhís Ealaíon i mbliana le clár beomhar ealaíon. San áireamh ann bhí an chéad Fhéile Lá Vailintín, Lá Filíochta, an Foolhardy Festival of Comedy and Commedia, Rince Tine Ghrianstad an Gheimhridh agus an Fhéile Imagine Arts. Leanadh de na healaíona a mhaoiniú trí scéim nua, an Scéim Cúnaimh maidir le Gnó an Cheoil agus na Siamsaíochta (MEBAS), a cuireadh ar fáil chun tacú le taibheoirí agus ealaíontóirí féinfhostaithe a chaill ioncam de bharr phaindéim Covid-19.

Cuireadh Deontas ar fáil do Chleachtóirí na nEalaíon, Lárionaid agus Féilte freisin, lenar bhain buiséad €90,000.

Reáchtáladh féilte éagsúla i gCeathrú Cultúir Phort Láirge (CCPL), ina measc Féile Phádraig, Lá na hAfraice, An Samhradh sa Chathair agus Winterval. Rinneadh dul chun cinn ar phleananna chun roinnt foirgneamh folamh a athfhorbairt, ceannaíodh foirgnimh agus rinneadh oibreacha tógála, lena n-áirítear Mol Cultúir agus Pobail CCPL atá le lonnú ar Shráid Uí Chonaill. Tháinig an Tionscadal Comhdheartha um Margaí Ceardaíochta ar an bhfód tar éis obair i gcomhar le SETU, Comhpháirtíocht
Cheantar Phort Láirge agus Sheirbhísí Phort Láirge um Lánpháirtiú.

Bhí Port Láirge Ildánach rannpháirteach i líon mór tionscadal chun an chruthaitheacht sa phobal a chur chun cinn. Ina measc bhí taispeántas Dhearthóirí agus Déantóirí Phort Láirge, Port Láirge Éagsúil, tionscadal stairsheanchais, Tionscadal Ceoil Idirghlúine Phort Láirge, agus Re-fashioning the Future lenar fiosraíodh an ról atá ag teicstílí cliste. Sholáthair Port Láirge Ildánach agus Calmast in SETU an tionscadal ACT Phort Láirge, tionscadal maidir le Gníomhaíocht Chruthaitheach ar son na hAeráide, arna mhaoiniú ag Éire Ildánach, faoinar oibrigh lucht na cruthaitheachta agus na n-ealaíon le pobail ar chúig théama chomhshaoil.

Buaicphointe sa saol cultúrtha in 2022 ab ea cuairt Phrionsa na Breataine Bige agus Bhandiúc Cornwall ar Chathair Phort Láirge. Chuaigh an chathair i bhfeidhm go mór ar na haíonna sin agus dúirt Prionsa na Breataine Bige gur chathair lán cumais agus dóchais don todhchaí é Port Láirge.



Bosca Poist an Ghrá, Féile Vailintín, an Oifig Ealaíon




Gairdín Bithéagsúlachta agus Dealbh ag an Theatre Royal



Méara Chathair & Chontae Phort Láirge, an Comhairleoir Joe Kelly, ag ceiliúradh Lá na hAfraice

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## 2.4 Daoine agus Pobail

Beidh Port Láirge ina áit ina gcuimseofar gach duine mar rannpháirtí gníomhach i saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch ár bpobail.

Beidh Port Láirge ina áit atá comhdhéanta de phobail athléimneacha. An obair atá le déanamh againn i bpobail uirbeacha agus thuaithe ná ceangail a threisiú, agus saoráidí agus caighdeán beatha a fheabhsú. Oibreoimid i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus le pobail chun tús áite a thabhairt do thionscnaimh a mbíonn tionchar dearfach acu ar shláinte agus folláine gach duine

### Pobal

Bhliain mhór ab ea 2022 do Sheirbhísí Pobail, mar gheall gur roghnaíodh Cathair & Contae Phort Láirge mar cheann de thrí cheantar píolótach don chlár nua, Comhpháirtíocht Áitiúil um Shábháilteacht Pobail. Is tionscnamh rialais nua é seo lena dtugtar le chéile seirbhísí reachtúla, an earnáil dheonach agus phobail, comhairleoirí áitiúla agus an pobal, chun oibriú le chéile chun saincheisteanna sábháilteachta a shainaithint agus dul i ngleic leo go háitiúil.

D'óstáil Port Láirge dídeanaithe ón Úcráin in 2022 mar chuid den Chlár Freagartha Pobail. Glacadh 1,054 dídeanaí isteach in ionaid scíthe na Comhairle le linn 2022 agus aimsíodh cóiríocht níos fadtéarmaí do 759 díobh.
Reáchtáil grúpaí pobail agus deonacha éagsúla imeachtaí agus gníomhaíochtaí dár gcairde ón Úcráin le linn na bliana agus táthar fós ag obair leo chun cuidiú leo lánpháirtiú sa phobal.




Pobail Sláintiúla Sláintecare á sheoladh

Mar chuid den chlár Cathair Shláintiúil agus Contae Sláintiúil, tugadh céim 3 chun críche, agus cuireadh tús leis an gcéim earcaíochta chun Comhordaitheoir Éire Shláintiúil a fhostú chun maoiniú bhabhta 4 a sholáthar don tréimhse Meitheamh 2022 go Nollaig 2025. Ar ceann de na tionscadail seoladh scéim sonrach deontais faoi Éire Shláintiúil, chomh maith le suirbhé chun faisnéis faoi riachtanais ghrúpaí i bPort Láirge a bhailiú. Leithdháileadh maoiniú ar 21 ghrúpa chun tionscadail a thabhairt chun críche i gcomhréir le treoirlínte Éire Shláintiúil agus comhlánaíodh os cionn 180 suirbhé.

Is clár casta um athrú é an Clár Pobail Sláintiúla de chuid Sláintecare lena dtabharfar aghaidh ar na bunchúiseanna atá ag iompraíocht sláinte a eascraíonn as bheith neamhchosanta ar ghnéithe diúltacha de dheitéarmanaint níos leithne na sláinte. D'fhostaigh an Chomhairle Oifigeach Forbartha Áitiúil Sláintecare sa chéad ráithe de 2022 chun an clár a chur i bhfeidhm sna limistéir dhíothacha sainaitheanta i gCathair Phort Láirge. Tá an-chuid oibre agus dul chun cinn déanta i bPort Láirge le grúpaí pobail éagsúla, as a lean maoiniú díreach do 3 eagraíocht agus cinn eile a mheaitseáil le hobair den chineál céanna. Tugadh maoiniú do 4 thionscadal faoin gCiste Feabhsúcháin in 2022; oibreacha cosáin ag Cnoc Sióin, an dromchla imeartha a fheabhsú ag Cúirteanna Leadóige Phlás Bhearnaird, méadú ar an raon trealaimh súgartha ag clós súgartha an Bhaile Bhig, agus cosáin agus suíocháin níos fearr ag Faiche Bhaile Bhricín.



Pobal na hÚcráine i bPort Láirge

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## Tithíocht

Lean rannóg Tithíochta na Comhairle dá cuid oibre in 2022 de mhaoine folmha a shainaithint agus oibriú le tiarnaí talún ar an Tionscnamh Deisithe & Léasaithe. Seoladh an Scéim Ceannaigh Tithíochta Inacmhainne chun cuidiú le ceannaitheoirí céaduaire nach féidir leo ceadú morgáiste a fháil le haghaidh áras cónaithe nua i gCathair Phort Láirge, trí chuidiú leo áras cónaithe a cheannach ó fhorbróirí ar comhpháirtithe Chomhairle Phort Láirge iad.

Seoladh aonaid tithíochta sóisialta nua faoi Thithíocht do Chách ag Baile Throcail (14 aonad), Coill Mhic Thomáisín (16 aonad), Carraig Phiarais (57 n-aonad), agus cuireadh tús le tógáil ar 49 n-aonad nua ag Baile Gunnair. Cuireadh an fhorbairt tithíochta sóisialta ag Larchville, a tógadh in 2021, ar an ngearrliosta le haghaidh gradaim sa chatagóir "An Earnáil Phoiblí – Tionscadal Tithíochta na Bliana" de chuid Gradaim Tógála agus Deartha na hÉireann [Irish Building and Design Awards].

Seoladh an dréacht-léarscáil um Cáin Talún Criosaithe Cónaithe. Is ionann an dréacht-léarscáil sin agus an chéad chéim de cháin nua a thabhairt isteach mar dhreasacht chun tithíocht nua a thógáil trí thailte forbartha cónaithe seirbhísithe a ghníomhachtú le haghaidh tithíochta. Cuirfear tús leis in 2024.


Leanadh leis an gcur chuige comhpháirtíochta agus comhoibríoch ar easpa dídine in 2022. D'oibrigh na gníomhaireachtaí ar fad le chéile agus dhírigh siad ar easpa dídine a chosc, tionóntacht mharthanach agus tacú le daoine aistriú ó bheith gan dídean chuig áit chónaithe. Ghlaoigh 3,618 duine ar Sheirbhísí Comhtháite Phort Láirge do Dhaoine Gan Dídean in 2022 (méadú 2.9%) agus seirbhís á lorg acu, agus chuir 1,331 duine iad féin i láthair mar dhuine gan dídean (méadú 16.8%). Rinneadh 954 measúnú foirmiúil ar easpa dídine (méadú 26%).



Eastát Chnocán Liam á oscailt go hoifigiúil



Forbairt tithíochta sóisialta Phort Láirge, Port na Machan i gCoill Mhic Thomáisín, á hoscailt go hoifigiúil




Seoladh na Scéime um Thithíocht Inacmhainne

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## Seirbhísí do Chustaiméirí/Cumarsáid

Lean Oifig na Gaeilge ar aghaidh ag tacú le seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus faoi reachtaíocht eile. Chomhaontaigh an Chomhairle Scéim na Gaeilge don tréimhse 2022-2025 leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & na Meán, agus tháinig feidhm léi i mí Feabhra. Achtaíodh forálacha áirithe d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 i rith na bliana. An ceann ba shuntasaí ná Alt 10A i ndáil le Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí. Cheap Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge nós imeachta nua chun comhlíonadh na bhforálacha reachtúla sin a chinntiú agus thosaigh sí á úsáid ag tarraingt ar dheireadh na bliana.

D'fhoilsigh rannóg Córas Faisnéise na Comhairle an Straitéis Dhigiteach 2022-2026 ar aidhm léi cur le haibíocht dhigiteach an chontae trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta. Seoladh an clár WIFI4EU in 2022 freisin, nuair a bunaíodh roinnt criosanna Wi-Fi oscailte i mbailte agus suíomhanna éagsúla. D'aistrigh an Chomhairle chuig Office 365 in 2022, rud atá tairbhiúil do chumarsáid agus d'athléimneacht na hoibre a dhéanaimid. Seoladh Tairseach Uiríoll na gComhairleoirí, lena ligtear do Chomhaltaí Tofa saincheisteanna a ardú go díreach leis an gComhairle ar thairseach ar líne a sheolann saincheisteanna chuig an rannóg iomchuí. Chuaigh an tairseach ríomhPhleanála nua i bhfeidhm a ghlacann le hiarratais phleanála ar líne freisin. Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga gearán amháin ón bpobal maidir le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in 2022. Bhain an gearán le táirgeadh Phlean Forbartha nua na Comhairle.

Lean an rannóg Cumarsáide de líon ard aschur eagarthóireachta a sholáthar in 2022. Scaipeadh os cionn 200 preasráiteas ar na meáin áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, chomh maithe le breis agus 100 freagra ar cheisteanna ó na meáin i rith na bliana. D'éirigh thar cionn le cainéil mheán Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge. Bhí níos mó taispeáintí ná riamh ar ardáin uile mheáin shóisialta Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge; méadú 55.5% go 8,817,471 i gcomparáid le 5,782,800 in 2021. Chonacthas méid cobhsaí tráchta ar na láithreáin ghréasáin. Taifeadadh 1.3 mhilliún amharc ar leathanaigh phríomh-láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in 2022. Ba iad na leathanaigh ba mhó ar tugadh cuairt orthu ná 1) Fiosrúcháin Phleanála Ar Líne, 2) Rogha Tithíochta, 3) Íocaíochtaí Ar Líne, 4) Folúntais agus 5) Faisnéis maidir le Pleanáil. Thug 1.05 mhilliún cuairteoir uathúil cuairt ar an bpríomh-láithreán gréasáin agus ba é 2 nóiméad an meán-achar ama a caitheadh ar an láithreán.

Mar aitheantas ar an teideal mar An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann a bhronn an Irish Times ar Phort Láirge, d'eagraigh an rannóg Cumarsáide ócáid cheiliúrtha an 29 Aibreán sa Theatre Royal. Rinneadh ceiliúradh agus fiosrú ar an méid a fhágann gurb é Port Láirge An Áit is Fearr in Éirinn le Cónaí Ann ag an ócáid. Bhí díospóireachtaí bríomhara le foireann eagarthóireachta an Irish Times agus le ceannairí gnó áitiúla, inar pléadh raon leathan ábhar, ina measc linn tallainne an réigiúin, ár dtodhchaí inbhuanaithe agus cultúr, pobal agus nascacht Phort Láirge.

Oibríonn Cartlanna Chathair & Chontae Phort Láirge ar bhonn leanúnach lena chinntiú go gcaomhnófar taifid agus cartlanna Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge agus go mbeidh rochtain orthu, agus chun scéal mhuintir Phort Láirge a dhoiciméadú. Lena Sheirbhísí um Bainistiú Taifead, tugtar tacaíocht d'obair rannóga na Comhairle chun soláthar seirbhísí a éascú agus comhlíontacht le ceanglais dhlíthiúla a éascú, agus lena chinntiú go ndéantar soláthar seirbhísí a dhoiciméadú ar bhealach trédhearcach agus inrochtana. Oibríonn an tSeirbhís Cartlainne agus an tSeirbhís Leabharlainne le Port Láirge Ildánach chun an Tionscadal Stairsheanchais 'Port Láirge Éagsúil' a fhorbairt, chun tacú le pobail agus le daoine aonair guthanna agus scéalta éagsúla Phort Láirge a bhailiú. Bunaíodh an láithreán gréasáin https://www.diversewaterford.ie/ chun na bailiúcháin a chur ar fáil agus chun guthanna Phort Láirge a cheiliúradh.
Leanadh de chomhaid a sheachadadh do bhaill foirne ar bhonn seachtainiúil le linn 2022 agus eisíodh 1,192 chomhad do rannóga na Comhairle ar a iarraidh sin dóibh. Lean rannóga na Comhairle d'ábhar a aistriú chuig an Ionad Taifead agus táthar fós ag obair ar na sonraí sna comhaid a uaslódáil ar chóras bogearraí an Ionaid Taifead. Rinneadh na comhaid a bhí le scriosadh a dhiúscairt go rúnda agus tá obair ar siúl chun comhaid atá le scriosadh a shainaithint agus a chinntiú go ndéanfar iad a dhiúscairt go rúnda agus go slán sábháilte. Tá Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ina comhalta den fhoireann athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas Náisiúnta
Coinneála do Thaifid Údaráis Áitiúil arna dtáirgeadh ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil (LGMA).

# Dul Chun Cinn ar Phlean Corparáideach 2019 - 2024

## 2.5 Bunsraith Láidir

Leanfaidh Port Láirge ar aghaidh ag forbairt timpeallacht tharraingteach agus rochtain ar ardchaighdeán ar sheirbhísí á cur ar fáil chun ardchaighdeán beatha a chinntiú, rud a mheallfaidh infheistíocht, gníomhaíocht eacnamaíoch, cuairteoirí méadaithe agus lucht saothair oilte agus cumasach.

Ghlac comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge le Plean Forbartha Chathair & Chontae Phort Láirge 2022-2028, ar tháinig éifeacht leis an 19 Iúil 2022. Is é sin an chéad Phlean Forbartha aonadach do limistéar feidhme uile Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, agus leagtar amach ann an straitéis maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe don Chathair agus don Chontae le linn thréimhse an phlean, 2022 go 2028.

Ba í 2022 an chéad bhliain oibre iomlán ó bunaíodh an fhoireann nua um Thaisteal Gníomhach. Bhí 80 scéim ar leithligh ar chlár 2022, ina measc leathnú cosán, lánaí rothaíochta deighilte, áiseanna feabhsaithe trasnaithe, páirceáil do rothair agus an Tionscnamh Bealaí Sábháilte chun na Scoile. Rinneadh an chéad Shráid Scoile i bPort Láirge a sheoladh go hoifigiúil in 202 i dTrá Mhór, ag Scoil Náisiúnta Glór na Mara. Is féidir tionchar na scéimeanna sin ar an gcathair a fheiceáil cheana féin, agus tá 14 stáisiún don scéim rothar ar cíos TFI suiteáilte.

Bliain ghnóthach don Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhí in 2022. Leanadh d'oibreacha chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh na Comhairle a fheabhsú agus de réir mar a tháinig ardú ar chostais fuinnimh, ghlacamar páirt san fheachtas Laghdaigh d'Úsáid chun fuinneamh a shábháil i bhfoirgnimh na Comhairle.



Grianfhuinneamh fótavoltach á shuiteáil ag iosta CCCPL i nDún Garbhán

Cuireadh tús leis an bPlean um Ghníomhú ar Son na hAeráide amach in 2022, agus go dtí seo tá Fardal Astuithe Bunlíne agus Measúnú Riosca maidir leis an Aeráid tugtha chun críche.

Beidh dréacht den Phlean ar fáil go luath in 2023. I measc na mbeart a chuir Foireann CCCPL um Ghníomhú ar Son na hAeráide i bhfeidhm tá:

- Grianfhuinneamh Fótavoltach suiteáilte ag stáisiún dóiteáin Dhún Garbhán
- Veain leictreach nua do CCCPL seachadta le húsáid ag an gCigire Comhshaoil.
- Teaschaidéal aeir go huisce suiteáilte ag Ionad Spórt Dhún Garbhán.
- Leabhrán CCCPL maidir le spáráil fuinnimh scaipthe ar 35,000 áras cónaithe i bPort Láirge i mí na Samhna 2022. Tarraingítear aird sa leabhrán ar bhealaí coitianta lena bhféadfaidh úinéirí tí fuinneamh a spáráil agus ar an maoiniú atá ar fáil le haghaidh uasghráduithe fuinnimh.


An chéad Bhealach Sábháilte chun na Scoile curtha i bhfeidhm

# Grianghraif ó 2022



Rangaíodh Port Láirge mar
An tAon Chathair Ghlan Amháin in Éirinn - IBAL




Seoladh Straitéis Dhigiteach Phort Láirge



Páirc Scátála Dhún Garbhán á hoscailt




Staidéar Féidearthachta ar Nasc Glasbhealaigh Mhala-Dún Garbhán á sheoladh




Dúshlán Scoileanna maidir le Bruscar 2022




Tollán uaigneach ag Rian Glas na nDéise




Páirceáil do rothair faoin Scéim um Thaisteal Gníomhach




Fáilte ar ais, Ambasadóirí Phort Láirge tar éis bhriseadh de bharr COVID-19




Conair Scéalta Digiteacha Phort Láirge
trí réaltacht bhreisithe seolta



Dealbh 'Blacksmith' á nochtadh go hoifigiúil ag Stáisiún Dharú





Rian Glas na nDéise ainmnithe mar 'An Taitneamhacht is Fearr do Chuairteoirí' i nGradam Taistil Léitheoirí an Irish Independent



Obair tógála ag stáisiún caidéalúcháin Phort an Chalaidh dar luach €7m




An láithreán gréasáin Your Waterford á sheoladh



Gailearaí Ealaíne Phort Láirge




Maoiniú RRDF do Thionscadal Athghiniúna Cheapach Choinn á fhógairt




Seisiúin ag an Eaglais



Gailearaí Ealaíne Phort Láirge



Ballaí Phort Láirge ag an Leabharlann




Rian Glas na nDéise & Gormbhealach na Siúire á nascadh



Maoiniú faighte ag Port Láirge ón gCiste um Oileán Comhroinnte




Make Way Day



Cuairt Ambasadóir SAM



Faomhadh an Plean Gaeilge do Dhún Garbhán



Mí an Bhróid


Waterford
Ireland's Best
Place To Live
Our Sustainable Future
KEVIN O'SULLIVAN
Environment and
Science Editor
The Irish Times
FERGUS GALVIN
Director of Services
Waterford City and
County Council
COLIN JEPHSON
Director
Ardkeen Quality
Food Store
FRANK RONAN
Chief Executive
Port of
Waterford
THE IRISH TIMES

# Aguisíní

# Aguisín 1

## Athbhreithniú Airgeadais 2022

Thosaigh cúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha ag dul ar ais mar a bhíodh agus thosaigh laghdú ag teacht ar thionchair phaindéim COVID-19 ag tús 2022. Mar aon leis an bhfeabhas ar na cúrsaí sin, tháinig laghdú mór ar an méid tacaíochta ón Rialtas láir, i gcomparáid leis an méid a cuireadh ar fáil in 2021. Tháinig laghdú ar luach iomlán na dtacaíochtaí eacnamaíocha de bharr COVID ó €10.8M in 2021 go €1.04M in 2022 agus bhí tacaíocht teoranta don earnáil fáilteachais sa chéad ráithe de 2022.

Chuaigh ioncam ó Earraí agus Seirbhísí ar ais go dtí na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Gineadh níos mó ioncaim ná mar a raibh coinne leis i mBuiséad 2022 leis na sreafaí ioncaim i réimsí amhail Cíosanna, Páirceáil Carranna, Ceadúnais Oscailte Bóithre, Léasanna, Féilte, NPPR, etc.

Bhí éagsúlachtaí dearfacha agus diúltacha ann i bhformhór na réimsí oibríochtúla amhail an tSeirbhís Dóiteáin, Glanadh Sráideanna, Seirbhísí Leabharlainne, Seirbhísí Cartlainne, Cosaint Shibhialta, Forbairt Eacnamaíochta, Turasóireacht, agus an clár Ealaíon, ach ní raibh mórán idir na héagsúlachtaí sin agus na gnáth-pharaiméadair, den chuid is mó. An eisceacht mhór air sin ná costais fuinnimh, a bhain le roinnt mhaith réimsí oibríochta. Tháinig méadú €1.6M nó beagnach 42% ar an gcostas sin, i gcomparáid leis an gcostas in 2021

D'ainneoin scála na gcostas fuinnimh, ba iad an dá réimse ba shuntasaí is fiú trácht orthu ná Bailiú Fiachais agus an Cuntas Caipitil, a bhí dearfach don bhliain.

**Bailiúcháin**

Tháinig feabhas ar bhailiúcháin thar na dtrí phríomhghrúpa Féichiúnaithe, (Rátaí, Cíosanna & Iasachtaí), in 2022 agus tháinig laghdú fori-omlán beagnach 30% ar chúrsaí riaráiste i gcomparáid le 1 Eanáir 2022.

Is maith an toradh sin go háirithe i bhfianaise na gcoinníollacha éiginnte a bhí ann ag tús na bliana, agus gur tháinig an feabhas sin tar éis feidhmíocht láidir in 2021. Sa tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2022, tháinig laghdú breis agus €8.8M ar riaráistí sna grúpaí ioncaim sin, méid arbh ionann é agus laghdú 51% ar riaráistí. As an laghdú €8.8M sin, bhain beagnach €8M le rátaí.

**Rátaí Tráchtála**

Tá rátaí tráchtála iníoctha ar raon éagsúil réadmhaoine tráchtála ar nós monarchana, oifigí, siopaí, óstáin agus bialanna. Cinneann an Oifig Luachála luacháil gach réadmhaoine rátáilte a gcuirtear iolraitheoir ar a dtugtar ARV i bhfeidhm. Socraíonn na comhaltaí tofa an t-iolrai-theoir seo go bliantúil le linn phróiseas an bhuiséid. Ba é an ráta a cuireadh i bhfeidhm in 2022 ná €0.2780.

Tháinig laghdú ar thacaíocht COVID-19 ón Rialtas láir go dtí €1.04M in 2022 ó €9.88M in 2021 agus €14.8 milliún in 2020.

Iarracht mhór leanúnach ón bhfoireann rátaí a chuir próisis nua-fhorbartha agus straitéisí méadaithe bhí taobh thiar den fheabhsú sin. Cé gur chruthaigh COVID agus tacaíochtaí COVID roinnt éiginnteachta maidir le feidhmíocht an bhailithe, bhog feidhmíocht bailithe rátaí ón gceathairíl dheiridh go dtí go maith laistigh de chéad cheathairíl d'fheidhmíochtaí bailithe i measc na 31 LA ar fad.

**Iasachtaí Tithíochta**
Leanamar de réitigh inbhuanaithe a thairiscint d'iasachtaithe a bhfuil riaráistí acu agus tá sásraí éagsúla á n-úsáid againn chun iasachtaí neamhthuillmheacha a athstruchtúrú. Tá laghdú beagnach €400K tagtha ar riaráiste deiridh ó mhí Eanáir 2021, laghdú 20% ar riaráiste.

Cé go measaimid gur fheidhmíocht shásúil í sin, tá coinne leis go dtiocfaidh feabhas mór air sa dhá bhliain amach romhainn.

**Capiteal**

A bhuíochas don staid níos fearr maidir le bailiúcháin, bhíomar in ann scaoileadh le breis agus €6M de chúlchistí Drochfhiachais, agus soláthar a dhéanamh, dá réir sin, do chion mór de na ranníocaíochtaí CCCPL a mbeidh gá leo chun an Plean Caipitil 2022-2026 a faomhadh in 2022 a thabhairt chun críche. Tá tuairim is 30% den mhéid riachtanach faoin bplean sin aistrithe anois i gcuntais 2022.

Tá laghdú €1.4 go dtí €1.3M tagtha ar an easnamh carnach freisin.

Lean an Stiúrthóireacht Airgeadais le maoirseacht agus rialú cuí ar airgeadas na heagraíochta a chur chun cinn trína chinntiú gur choinnigh gach rannóg agus stiúrthóireacht fócas láidir ar bhainistíocht stuama airgeadais agus bailiú/bainistíocht fiachais agus d'oibrigh sí go réamh-ghníomhach chun córais agus rialuithe a fheabhsú.

# Aguisín 2

## Freastal na gComhairleoirí ar Chruinnithe 2022

| Comhairleoir | Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu | Líon Cruinnithe a Tionóladh* | |
|---|---|---|---|
| Joeanne Bailey | 45 | 45 | |
| Ger Barron | 37 | 45 | |
| Donal Barry | 38 | 41 | |
| Liam Brazil | 37 | 39 | |
| Declan Clune | 36 | 41 | |
| Joe Conway | 35 | 41 | |
| Tom Cronin | 43 | 48 | |
| Declan Doocey | 35 | 41 | |
| Pat Fitzgerald | 57 | 58 | |
| Damien Geoghegan | 38 | 45 | |
| Jim Griffin | 43 | 45 | |
| John Hearne | 41 | 41 | |
| Joe Kelly | 44 | 51 | |
| Cristiona Kiely | 43 | 47 | |
| Conor McGuinness | 43 | 47 | |
| Jason Murphy | 39 | 41 | |
| Pat Nugent | 51 | 54 | |
| Seamus O'Donnell | 32 | 47 | |
| John O'Leary | 46 | 50 | |
| Lola O'Sullivan | 41 | 43 | |
| Thomas Phelan | 55 | 58 | |
| Jody Power | 36 | 41 | |
| Seanie Power | 38 | 39 | |
| John Pratt | 39 | 41 | |
| Eamon Quinlan | 48 | 56 | |
| Frank Quinlan | 35 | 41 | |
| Mary Roche | 45 | 47 | |
| Seamus Ryan | 31 | 41 | |
| Adam Wyse | 37 | 41 | |
| Stephanie Keating | 10 | 11 | |
| Mairead Tobin | 8 | 10 | |
| James Tobin R.I.P | 20 | 21 | 04/07/2022 |
| Davy Daniels R.I.P. | 36 | 41 | 10/01/2022 |
| Eddie Mulligan | 25 | 26 | Chuaigh ar Scor 21/08/2022 |

*Tá éagsúlacht sa líon cruinnithe a tionóladh maidir le gach Comhairleoir, ag brath ar an líon cruinnithe a tionóladh i ngach ceantar bardasach.

## Comhaltas Reatha Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge

| AINM | PÁIRTÍ | TOGHCHEANTAR |
|---|---|---|
| Liam Brazil | Fine Gael | An Comarach |
| Declan Clune | Neamhspleách | An Comarach |
| Ger Barron | Páirtí an Lucht Oibre | An Comarach |
| John O'Leary | Fianna Fáil | An Comarach |
| Seánie Power | Fine Gael | An Comarach |
| Tom Cronin | Fianna Fáil | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Declan Doocey | Fine Gael | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Damien Geoghegan | Fine Gael | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Pat Nugent | Fine Gael | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Séamus O'Donnell | Neamhspleách | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| John Pratt | Páirtí an Lucht Oibre | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Thomas Phelan | Páirtí an Lucht Oibre | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Conor D. McGuinness | Sinn Féin | Dún Garbhán/An Lios Mór |
| Joe Conway | Neamhspleách | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| Jim Griffin | Sinn Féin | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| Cristiona Kiely | An Comhaontas Glas | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| Joe Kelly | Neamhspleách | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| Lola O'Sullivan | Fine Gael | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| Eamon Quinlan | Fianna Fáil | Trá Mhór & Cathair Phort Láirge Thiar |
| Jody Power | An Comhaontas Glas | Cathair Phort Láirge Thoir |
| Pat Fitzgerald | Sinn Féin | Cathair Phort Láirge Thoir |
| Mary Roche | Daonlathaigh Shóisialta | Cathair Phort Láirge Thoir |
| Adam Wyse | Fianna Fáil | Cathair Phort Láirge Thoir |
| Joeanne Bailey | Sinn Féin | Cathair Phort Láirge Theas |
| Frank Quinlan | Fine Gael | Cathair Phort Láirge Theas |
| John Hearne | Sinn Féin | Cathair Phort Láirge Theas |
| Donal Barry | Neamhspleách | Cathair Phort Láirge Theas |
| Séamus Ryan | Páirtí an Lucht Oibre | Cathair Phort Láirge Theas |
| Jason Murphy | Fianna Fáil | Cathair Phort Láirge Theas |
| Mairead Tobin | Fianna Fáil | Dún Garbhán/An Lios Mór (Comhthofa i mí Dheireadh Fómhair 2022) |
| Stephanie Keating | Fianna Fáil | Cathair Phort Láirge Thoir (Comhthofa i mí Dheireadh Fómhair 2022) |
| Eddie Mulligan | Fianna Fáil | Cathair Phort Láirge Thoir (D'éirigh as i mí Lúnasa 2022) |
| James Tobin | Fianna Fáil | Dún Garbhán/An Lios Mór (R.I.P. 04/07/2022) |
| Davy Daniels | Neamhspleách | Cathair Phort Láirge Thoir (R.I.P. 10/01/2023) |

## Liosta d'Oifigigh Phoiblí Ainmnithe eile

| | |
|---|---|
| An tUas Michael Walsh | Príomhfheidhmeannach |
| An tUas. Michael Quinn | Stiúrthóirí Seirbhísí um Fhorbairt Eacnamaíoch |
| An tUas Fergus Galvin | Stiúrthóir Seirbhísí Bóithre, Uisce & Comhshaol |
| An tUas Kieran Kehoe | Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Cultúir, CF agus AD & Pleanáil |
| An tUas Bernard Pollard | Ceann Airgeadais & Bainistíocht Costas |
| An tUas Ivan Grimes | Stiúrthóir Seirbhísí Tithíochta, Pobail agus Éigeandála |

# Íocaíochtaí le Comhairleoirí in 2022

## Íocaíochtaí a rinneadh le Comhairleoirí faoi Alt 142 den Acht Rialtais Áitiúil

| | |
|---|---|
| Íocaíochtaí Ionadaíochta | €853,029 |
| Liúntas Ionadaí Áitiúil (*) | €115,317 |
| Liúntas Caiteachais Bliantúil | €220,403 |
| Liúntas do Chathaoirleach an Choiste um Bheartais Straitéiseacha | €29,770 |
| Liúntais don Mhéara, don Leas-Mhéara agus do Chathaoirligh (Éan. go Noll.) | €63,808 |
| Oiliúint agus Comhdhálacha | €36,667 |
| **Iomlán na n-íocaíochtaí le Comhairleoirí** | **€1,318,994** |

## Costais Oiliúna agus Comhdhálacha

| Comhairleoir | Comhdhálacha | Oiliúint | Iomlán na nÍocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| Ger Barron | - | €1,449.23 | €1,449.23 |
| Donal Barry | - | - | - |
| Liam Brazil | - | €478.45 | €478.45 |
| Declan Clune | €521.98 | €3,546.36 | €4,068.34 |
| Joe Conway | - | €2,801.55 | €2,801.55 |
| Tom Cronin | €789.91 | €3,679.50 | €4,469.41 |
| Declan Doocey | - | €990.25 | €990.25 |
| Pat Fitzgerald | - | - | - |
| Damien Geoghegan | €890.49 | €2,217.28 | €3,107.77 |
| Jim Griffi | - | - | - |
| John Hearne | - | - | - |
| Joe Kelly | €297.15 | €893.79 | €1,190.94 |
| Conor D. McGuinness | - | €1,184.72 | €1,184.72 |
| Jason Murphy | €866.76 | €3,294.18 | €4,160.94 |
| Pat Nugent | - | - | - |
| Seamus O' Donnell | - | - | - |
| John O' Leary | €601.28 | €3,046.71 | €3,647.99 |
| Lola O' Sullivan | €350.74 | - | €350.74 |
| Thomas Phelan | €176.87 | - | €176.87 |
| Jody Power | €557.45 | €22.79 | €580.24 |
| Seanie Power | - | - | - |
| John Pratt | €499.61 | €4,375.95 | €4,875.56 |
| Eamon Quinlan | - | €774.72 | €774.72 |
| Frank Quinlan | - | - | - |
| Mary Roche | - | - | - |
| Seamus Ryan | - | - | - |
| Adam Wyse | €192.77 | - | €192.77 |
| Joeanne Bailey | - | - | - |
| Cristiona Kiely | - | - | - |
| Stephanie Keating | - | - | - |
| Mairead Tobin | - | - | - |
| Eddie Mulligan | - | - | - |
| ames Tobin R.I.P. | - | €2,166.47 | €2,166.47 |
| Davy Daniels R.I.P. | | | |
| **IOMLÁN** | **€5,745.01** | **€30,921.95** | **€36,666.96** |

# Comhaltacht Comhairleoirí de Choistí & Comhlachtaí Eile

## CBS Fiontraíocht & Forbairt Eacnamaíoch

An Comhairleoir Pat Nugent (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Conor D McGuinness
An Comhairleoir Gerard Barron
An Comhairleoir Lola O'Sullivan
An Comhairleoir Mary Roche
An Comhairleoir Pat Fitzgerald
An Comhairleoir Thomas Phelan
An Comhairleoir Cristiona Kiely
An Comhairleoir Stephanie Keating
An Comhairleoir Declan Clune (d'éirigh as D.F. 2022)
An Comhairleoir Eddie Mulligan (d'éirigh as Lúnasa 2022)
Garrett Wyse, (PPN) Ionadaí Ionchuimsiú Sóisialta
Gerty Murphy, (PPN) Ionadaí ó Phobal & Deonach
David Lane, SIPTU, Ionadaí Ceardchumainn
Oren Byrne, Gnó
Maoliosa Ní Chléirigh, Comhshaol
Kevin Kiersey, Ionadaí IFA
David Walsh, Ionadaí Gnó (d'éirigh as Bealtaine 2022)

## CBS Comhshaol, Bithéagsúlacht agus Gníomhú ar son na hAeráide

An Comhairleoir Pat Fitzgerald (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Jim Griffin
An Comhairleoir John Hearne
An Comhairleoir Ger Barron
An Comhairleoir Damien Geoghegan
An Comhairleoir Joe Kelly
An Comhairleoir Christina Kiely
An Comhairleoir Joeanne Bailey
Tom Hogan, Ionadaí Ceardchumainn
Ithel McKenna, Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
Obianuju Ekedozie (PPN), Ionchuimsiú Sóisialta
Laura Forbes-O'Brien, Ionadaí IFA

## CBS Tithíochta, Pobail, Cultúir, Dóiteáin, Spóirt & Áineasa

An Comhairleoir Eamon Quinlan (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Donal Barry
An Comhairleoir Damien Geoghegan
An Comhairleoir John Pratt
An Comhairleoir Seamus Ryan
An Comhairleoir Jason Murphy
An Comhairleoir Joanne Bailey
An Comhairleoir Conor D McGuinness
An Comhairleoir Adam Wyse
Úna Dunphy, Ionadaí Ceardchumainn
Rosemary Kennedy (PPN), Ionadaí ó Phobal & Deonach
Mike Farrell (PPN), Ionadaí Comhshaoil
Richie McDonald (PPN), Ionadaí Forbartha/Tógála CIF
Vince Rellis, (PPN) Ionadaí Ionchuimsiú Sóisialta

## CBS Pleanála

An Comhairleoir Thomas Phelan (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Liam Brazil
An Comhairleoir Tom Cronin
An Comhairleoir Seánie Power
An Comhairleoir Eamon Quinlan
An Comhairleoir Frank Quinlan
An Comhairleoir Mairead Tobin
An Comhairleoir Davy Daniels (R.I.P. Eanáir 2023)
An Comhairleoir James Tobin ( R.I.P Iúil 2022)
Seán Carey, Ionadaí ón Tionscal Tógála
John Galloway, Ionadaí Comhshaoil
John Heffernan, Ionadaí Feirmeoireachta
Niall Harrington, Ionadaí Gnó
Mary O' Halloran, Ionadaí ó Phobal & Deonach
Donal Lehane, Ionadaí Ionchuimsiú Sóisialta

## CBS Iompair & Bonneagair

An Comhairleoir Tom Cronin (Cathaoirleach)
An Comhairleoir Joe Conway
An Comhairleoir Joe Kelly
An Comhairleoir John O' Leary
An Comhairleoir Jody Power
An Comhairleoir Declan Doocey
An Comhairleoir Jim Griffin
An Comhairleoir Mary Roche
An Comhairleoir Declan Clune
An Comhairleoir Seamus O'Donnell (d'éirigh as Cathaoirleacht i mí Iúil 2022)
Thomas Holden, Ionadaí Forbartha/Tógála
Marian Walsh, Ionadaí Gnó/Tráchtála
Elaine Mullan, Ionadaí Comhshaoil
Farid Ahmad Mohamman, Ionadaí Ionchuimsiú Sóisialta
Jim Farnan, Ionadaí ó Phobal & Deonach

# Brústocaireacht a Rialáil

Ar thosach feidhme an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, an 1 Meán Fómhair 2015, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí a bhfuil Oifigigh Phoiblí Ainmnithe aige faoi alt 6(4) den Acht liosta a fhoilsiú a thaispeánfaidh ainm, grád agus sonraí gearra an róil agus na bhfreagrachtaí agus gach "Oifigeach Poiblí Ainmnithe" de chuid an chomhlachta.

Tá dhá chuspóir ag an liosta: 1. Cead a thabhairt do dhaoine den phobal na daoine sin atá ina nOifigigh Phoiblí Ainmnithe a shainaithint; agus 2. Mar acmhainn do bhrústocairí a chuireann isteach tuairisceán ar an gClár ina bhféadfadh go mbeadh sé orthu sonraí Oifigeach Poiblí Ainmnithe a aimsiú.

# Aguisín 3

## Staitisticí iomlána do 2022, de réir na Stiúrthóireachta

### Forbairt Eacnamaíoch

| | |
|---|---|
| FORBAIRT EACNAMAÍOCH | |
| An Scéim um Aghaidheanna Siopaí a Fheabhsú 2022 | €60,000 |
| OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (OFÁ) | |
| Tacaíocht do phoist OFÁ | 1,222 |
| Glanmhéid post a chruthaigh cliaint OFÁ | 61 |
| Líon na gcliant OFÁ a fuair deontas airgeadais | 29 |
| Luach na ndeontas OFÁ | €465,713 |
| Líon na gcliant ar faomhadh Dearbháin Trádála Ar Líne ina leith | 65 |
| Luach na n Dearbhán Trádála Ar Líne | €145,340 |
| Imeachtaí oiliúna OFÁ | 109 |
| Rannpháirtithe oiliúna OFÁ | 1,725 |
| Seisiúin mheantóireachta OFÁ | 299 |
| Príomhchuideachtaí cliant OFÁ | 280 |
| Seachtain Fiontraíochta Áitiúil OFÁ | 10 nImeacht, 421 Rannpháirtí |
| An Clár LEAN do Mhionchuideachtaí | 8 |
| An Clár Glas do Mhionchuideachtaí | 15 |
| Líon na scoileanna sa Chlár Fiontar Mac Léinn | 11 |
| Líon na mac léinn sa Chlár Fiontar Mac Léinn | 720 |
| TIONSCADAIL | |
| Maoiniú URDF | €27.66m |
| Infheistíocht i Rian Glas na nDéise | €6.8m |
| Ionaid Ghníomhaíochta Uisce | €2,43m |
| TURASÓIREACHT | |
| Maoiniú faighte do thionscadail turasóireachta (Ionaid Spórt Uisce) | €1,715,000 – tionscadal leanúnach |
| Lucht leanúna ag ardáin mheáin shóisialta Visit Waterford | Facebook: 30,000 – Instagram: 7,391 – Twitter:6.301 |
| Lucht leanúna ag ardáin mheáin shóisialta Rian Glas na nDéise | Facebook; 34,000 – Instagram; 5,464 – Twitter; 6,455 |
| Líon na n-ionad turasóireachta a fuair tacaíocht ó CCCPL | 4 |



## Seirbhísí Tithíochta, Pobail, Pleanála agus Éigeandála

### TITHÍOCHT

| | |
|---|---|
| Líon na ndaoine a ghlaoigh ar Sheirbhísí Comhtháite do Dhaoine gan Dídean (WIHS) Phort Láirge | 3,618 |
| Líon na láithreoireachtaí gan dídean d'Fhoireann WIHS do Dhaoine gan Dídean | 1,331 |
| Líon na measúnachta foirmiúil ar easpa dídine a rinneadh | 954 |
| Líon na dtionóntachtaí faoi Tús Áite don Tithíocht i bhfeidhm ar 31/12/2021 | 32 |
| Tionóntachtaí a cruthaíodh trí sheirbhís Placefinder ÍCT (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta) | 132 - 62 Duine Singil, 70 Teaghlach |
| Cosc a chur ar easpa dídine | 107 dTeaghlach, 186 Dhuine Fásta Singil |
| Líon na ndaoine ar tugadh cúnamh dóibh éirí as easpa dídine | 47 dTeaghlach, 104 Dhuine Fásta Singil |
| Líon na dteaghlach ar cuidíodh leo a dtionóntachtaí a choimeád | 7 |
| Rogha Tithíochta | 28,169 léiriú spéise ó 1,988 n-iarratasóir ar leithligh |
| Líon iomlán maoine a fógraíodh ar CBL in 2022 | |
| • ceantar bardasach | Léirithe spéise: 24,961<br>Maoine:165 |
| • An Comarach | Léirithe spéise: 1,799<br>Maoine:25 |
| • Thiar | Léirithe spéise: 1,409<br>Maoine: 20 |
| • Iomlán | Léirithe spéise: 28,169<br>Maoine: 210 |
| Iarratais ar thithíocht a fuarthas | 959 |
| Faomhadh tugtha do thacaíocht tithíochta sóisialta tar éis agallaimh le hiarratasóir | 434 |
| Leithdháiltí Tithíochta | Líon carnach tionóntachtaí nua 2022 |
| • Ceantar Bardasach an Chomaraigh | 26 |
| • Ceantar Bardasach Dhún Garbhán/An Leasa Mhóir | 27 |
| • Cathrach | 268 |
| • Comhlachtaí Tithíochta Faofa | 166 |
| • Iomlán | 487 |

### POBAL & SPÓIRT

Cuireadh tús le próiseas an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023 – 2029 agus comhaontaíodh an ráiteas socheacnamaíoch sa cheathrú ráithe de 2022. Cuireadh tús leis an bpróiseas rannpháirtíochta ina dhiaidh sin leis na gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí príomhúla a sholáthraíonn seirbhísí i bPort Láirge.

| | |
|---|---|
| Líon na gcuairteoirí ar áiseanna spóirt a oibríonn Údaráis Áitiúla | 127,647 |
| Líon na ngrúpaí cláraithe le PPN | 581 |
| Céatadán scoileanna/grúpaí bainteach le Comhairle na nÓg: | 90% |
| Scéim Deontais Phobail, Ag Tacú le Port Láirge | €195,500 – deontais bronnta ar 336 thionscadal |
| Ciste Gníomhaíochtaí Pobail | €288,997– deontais bronnta ar 146 ghrúpa |
| Comhaltacht PPN 2022 | 581 ghrúpa comhaltaí |
| Tacaíocht d'Fhéilte Pobail | €74,937 (11 Fhéile) |
| Féile Phádraig 2022 | Chonaic os cionn 20,000 an mórshiúl |
| Cruinnithe ghrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil Phort Láirge 2022 | 6 |
| Scoileanna le bratach bhuí | 6 |
| Cruinnithe Ghrúpa Fócais na Straitéise um Lánpháirtiú Imirceach | 6 |
| Clár Freagartha Pobail (An Úcráin) | Glacadh 1,054 dídeanaí isteach in ionaid scíthe na Comhairle agus aimsíodh cóiríocht níos fadtéarmaí do 759 díobh. |

| | |
|---|---|
| Líon na gcruinnithe LCDC a tionóladh in 2022 | 11 |
| Cruinnithe foghrúpa LCDC Feabhsúchán Scileanna | 6 |
| Cruinnithe fhogrúpa LCDC Éire Sláintiúil 'Port Láirge Folláin' | 8 |
| Cúnamh Ionchuimsithe sóisialta ón gCiste um Ghníomhachtú Pobail | €1,423,339: 66 ghrúpa pobail agus 1,013 duine aonair |
| Athbhreithnithe fíorúcháin ar chur i bhfeidhm an chláir SICAP | 6 chuairt fhíorúcháin ar an láthair |
| Cruinnithe Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil Phort Láirge (LAG) | 12 |
| Tionscadail LAG a faomhadh | 17 |
| Méid iomlán maoinithe LEADER a éilíodh | €2,275,499.14 |
| LAG – Glaonna spriocdhírithe poiblí ar thionscadail | 4 |
| Cruinnithe coiste meastóireachta LAG | 9 |
| Cruinnithe poiblí LAG | 12 |
| Tá LAG Phort Láirge rangaithe go náisiúnta sa 5 is Fearr maidir le seachadadh tionscadail | |
| Club Gailf Bhaile Liam | 21,500 cuairteoir |
| Feabhsúcháin ar ghalfchúrsa Chlub Gailf Bhaile Liam | Cuireadh 1 acra de bhláthanna fiáine |
| | Suiteáladh eangach cleachtaidh ar an bhfaiche chleachtaidh |
| | Suiteáladh céimeanna coincréite ag roinnt tíonna chun cuidiú le rochtain do chuairteoirí scothaosta |
| Cumainn ghailf a óstáladh in 2022 | 13 |
| Feabhsúcháin ag Ionad Spórt Réigiúnach (RSC) | 200 crann nua curtha |
| | Feabhsúcháin ar dhraenáil na páirce imeartha cúil |
| | Soilse atá tíosach ar fhuinneamh curtha sna foirgnimh uile |
| Halla Spóirt Charraig Phiarais | 11,870 úsáideoir |
| Feabhsúcháin ar Ionad Spóirt Dhún Garbhán | Córas teasa uasghrádaithe chuig teaschaidéal atá tíosach ar fhuinneamh |
| Áiseanna nua súgartha | Páirc Bhóthar an Aonaigh, Dún Garbhán: páirc clárscátála, luascáin do dhaoine faoi mhíchumas & limistéar taibhsithe |
| Lá Náisiúnta Súgartha | Dáileadh 200 paca súgartha ar Theach Oasis, Barnardos agus ar Phobal Sláinte an Lucht Siúil, Dún Garbhán |
| Maoiniú faoi Éire Shláintiúil | €21,000 do 21 ghrúpa pobail & deonach |
| Lá comhairliúcháin do Bhabhta 4 Éire Shláintiúil | Rinneadh ionadaíocht ar 39 n-eagraíocht |
| Rinne Éire Shláintiúil suirbhé ar os cionn 800 grúpa pobal & deonach i bPort Láirge chun eolas a bhailiú don Straitéis Áitiúil | |
| Ciste feabhsúcháin Phobail Sláintiúla Sláintecare | Thacaigh €250,000 le 4 thionscadal pobail |
| Síolchiste Phobail Sláintiúla Sláintecare | Thacaigh €75,000 le 7 dtionscadal pobail |
| Cruinnithe Iomlánacha Chomhpháirtíocht Phort Láirge um Shábháilteacht | 5 |
| Cruinnithe Ghrúpa Stiúrtha & Ghrúpa Oibre Téamach CSPPL | 11 |
| Cruinnithe Pháirtithe Leasmhara CSPPL | 14 |
| Cruinnithe CSPPL um Rannpháirtíocht an Phobail | 4 |
| Comhaontas Aoisbhá Phort Láirge | |
| • Líon na gcruinnithe | 3 |
| • Líon na bhfoghrúpaí téamacha | 9 |
| • Líon na gcruinnithe OPC | 12 |

| SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA | |
|---|---|
| Líon na ndaoine fostaithe sna Seirbhísí Dóiteáin | 137 |
| Líon na stáisiún dóiteáin | 10 |
| No. Líon na nglaonna dóiteáin | 691 |
| Líon na nglaonna seirbhísí speisialta | 510 |
| Líon na rabhadh bréagach | 244 |
| Líon iomlán glaonna | 1,445 |
| Amanna Turas Freastail | 244 |
| | 4 nóim. 21 soic. (briogáidí coinnithe) |
| | 1 nóim. 3 soic. (briogáid lánaimseartha) |
| Measúnú ar iarratais ar Theastas Sábháilteachta ó Dhóiteán | 108 |
| Cigireachtaí Sábháilteachta ó Dhóiteán | 81 |
| Iarratais ar cheadúnais a próiseáladh | 96 |
| Foirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu | 73 |
| Fógraí tosaithe bailí a eisíodh | 310 |
| Deimhnithe críochnaithe a eisíodh | 204 |
| PLEANÁIL | |
| Dréacht-Phlean – Eanáir go Feabhra 2022 aighneachtaí faighte | 479 |
| Ciste na Séadchomharthaí Pobail | €180,000 |
| Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha | €193,965 |
| An Ciste do Struchtúir Stairiúla | €339,720 |
| Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann/An Chomhairle Oidhreachta | €15,000 |
| Iarratais phleanála a fuarthas (2022) | 1,090 |
| Iarratais phleanála a cinneadh (2022) | 1,024 |
| Iarratais phleanála a fuarthas (2021) | 1,233 |
| Iarratais phleanála a cinneadh (2021) | 996 |



## Corparáideacha, Cultúr, AD agus CF

### An Straitéis Dhigiteach 2022-2026

Sa straitéis seo, arna cur le chéile ag Comhairle Contae Phort Láirge i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, leagtar amach an fhís agus na príomhréimsí fócais atá againn don chontae sna ceithre bliana amach romhainn.

Tá mar aidhm ag Straitéis Dhigiteach Phort Láirge feabhas a chur ar aibíocht dhigiteach an chontae agus a láidreachtaí a shlógadh le go mbeidh Port Láirge ina áit chliste, ionchuimsitheach agus nuálach le bheith ag cónaí ann, ag obair ann agus le cuairt a thabhairt air. Faoin straitéis, cuirfear tús le agus tacófar le forbairt ar ghníomhaíochtaí ó 2022 go 2026, as a leanfaidh sochaí agus geilleagar digiteach a bheidh nasctha agus comhoibríoch. Próiseas comhairliúcháin phoiblí a bhí mar bhonn eolais don Straitéis. Is doiciméad beo é; déanfar athruithe air agus cuirfear in oiriúint do shochaí dhigiteach shíor-athraitheach é, agus is dá réir sin a dhéanfar monatóireacht leanúnach ar ghníomhaíochtaí an phlean sin agus tabharfar cothrom le dáta go leanúnach iad.

Tugtar tosaíocht do 6 phríomhthéama i Straitéis Dhigiteach Phort Láirge; An Geilleagar Digiteach, an Saoránach & an Pobal, Bonneagar Digiteach, Cathair Chliste, Comhairle Dhigiteach agus Gníomhú ar son na hAeráide. Trí oibriú leis na páirtithe leasmhara ar fad, leagtar amach i Straitéis Dhigiteach Phort Láirge na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí chun tacú le saoránaigh Phort Láirge agus lena Gheilleagar Digiteach. Tugadh roinnt criosanna oscailte Wi-Fi chun críche i mbailte agus áiteanna éagsúla ar fud an chontae in 2022. Rinne CCCPL an tionscnamh sin a fhorbairt agus a rolladh amach i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus leis an gCoimisiún Eorpach, tar éis gur éirigh le hiarratais ar mhaoiniú faoin gClár WIFI4EU chuig an dá eagraíocht sin.

Tá na pointí rochtana oscailte sin ar an idirlíon lonnaithe i gCathair Phort Láirge agus i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an chontae agus soláthraíonn siad rochtain do chách ar leathanbhanda ardluais sna háiteanna sin. Tá na pointí rochtana i gCathair Phort Láirge agus i Lios Mór, Trá Mhór, Dún Garbhán, Port Lách, Dún Mór, Coill Mhic Thomáisín agus Tulach an Iarainn tugtha chun críche anois. Tá an-tóir ag muintir na háite agus ag cuairteoirí araon ar na seirbhísí sin agus tá an tseirbhís thar a bheith fóinteach chun rochtain ar leathanbhanda agus ar an idirlíon a éascú.

Tá leathanbhanda ardluais ar fáil i gcónaí ag 4 Phointe Nasctha Leathanbhanda (BCPanna) ar fud Phort Láirge. Lean an oifig leathanbhanda ar aghaidh ag tacú le pobail chun leas a bhaint as an teicneolaíocht in 2022. Tá Wi-Fi saor in aisce ar fáil ag sna láithreacha sin. Nascadh roinnt bunscoileanna freisin faoin thionscnamh BCP na Scoileanna agus fuaireadar tacaíocht ó oifigeach leathanbhanda Phort Láirge agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Thug an fhoireann CF tionscadal uaillmhianach chun críche in 2022, inar aistríodh foireann theicniúil uile Chomhairle Phort Láirge chuig Microsoft Office 365. De réir mar a tháinig feabhas ar an teicneolaíocht, forbraíodh réitigh ríomhphoist agus córais níos iontaofa amhail Microsoft Office 365 arna óstáil sa néal, le teacht in ionad ár bhfreastalaithe traidisiúnta Microsoft ar an láthair. Is iomaí buntáiste d'oibríochtaí Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge a thiocfaidh as an aistriú chuig Office 365 (is é sin, an t-athrú ón ngnáth Microsoft Office go Office 365), eadhon rochtain ar líne ar ríomhphost, láithreacht/cumarsáid, comhoibriú, feidhmchláir ghréasáin oifige agus tuilleadh.

Rinneadh mapáil dhigiteach agus timpeallacht sonraí spásúla na Comhairle a chomhdhlúthú agus a uasghrádú in 2022. Leis an timpeallacht nua, cumasaítear níos mó saibhrithe sonraí, anailíse agus cur i láthair tacar sonraí luachmhar do chinnteoireachtaí ar fud na Comhairle. Chuir an timpeallacht nua ar chumas na rannóga Pleanála athbhreithniú a dhéanamh ar an ndréacht-Phlean Forbartha agus athrú go réidh chuig a ghlactha i mí Iúil 2022. Tugadh isteach Tairseach Uiríoll na gComhairleoirí go luath in 2022, rud a thugann deis do na Comhaltaí Tofa saincheisteanna a thugann siad féin faoi deara nó a chuireann an pobal in iúl dóibh a logáil, e.g., bruscar, graffítí, fadhbanna le bóithre/cosáin, láithreáin thréigthe, etc.

Chuaigh an ríomhThairseach Pleanála nua i bhfeidhm ag lár na bliana. Tugann sí deis d'iarratasóirí agus do ghníomhairí iarratais phleanála agus an doiciméadúchán uile a bhaineann leo a chur isteach ar líne. Tá an córas nasctha le córas pleanála cúloifige na Comhairle ionas gur féidir an próiseas iarratais ar fad a dhéanamh ar líne.

Rinneadh uasghrádú ar chóras na Comhairle chun toghthóirí a chlárú, mar éascaíocht don Chlár um Chlárúchán Toghthóirí a Nuachóiriú. An phríomhghné a bhaineann leis sin ná aistriú ó dhréachtchláir/bheochláir sheasta go dtí clár rollach (leanúnach). Tugadh tionscadal ollmhór chun críche freisin, i gcomhar leis an rannóg Airgeadais, chun ár gCóras Bainistíochta Airgeadais, Agresso, a uasghrádú.

## Corparáideacha, Cultúr, AD agus CF

| CULTÚR | |
|---|---|
| Líon tionscadal na Foirne Cruthaitheachta agus Cultúir | 18 |
| Líon tionscadal faoi Phobail Chruthaitheacha a maoiníodh | 13 |
| Cruthaitheacht sa tSean-Aois | 60 ceolchoirm in ionaid chúraim |
| Tionscadail bhreise a maoiníodh | 3: Ciste um Ghníomhú Eacnamaíoch, Cruthaitheacht sa tSean-Aois, Maoiniú Píolótach d'Oideasú Sóisialta |
| LEABHARLANNA | |
| Líon cuairteoirí ar Leabharlanna Phort Láirge | 308,141 |
| Líon imeachtaí a thionóil Leabharlanna Phort Láirge | 3,121 |
| Caiteachas bliantúil ar stoc do gach duine den daonra | €1.70 |
| Líon ítimí a eisíodh | 269,223 |
| Líon ball cláraithe | 26,122 |
| Líon íoslódálacha closleabhar & ríomhleabhar | 68,588 |
| Líon íoslódálacha ríomhirisí | 11,908 |
| Eisiúintí ar Pressreader | 70,191 |
| Seisiúin foghlama ar Transparent Language | 38,135 |
| Amhairc ar cheachtanna Universal Class | 5,793 |
| Taispeántais | 59 |
| Éire Shláintiúil ag Do Leabharlann | 113 imeacht - 1,522 fhreastalaí |
| Work Matters at the Library: | 376 imeacht - 2,734 fhreastalaí |
| Imeachtaí Bealtaine | 28 n-imeacht, 278 bhfreastalaí |
| Féile Leabhar na Leanaí | 28 n-imeacht, 1,979 fhreastalaí |
| Well Waterford Féile Mheabhairshláinte agus Folláine | 4 imeacht, 882 rannpháirtí |
| Scéalta Earraigh | 34 imeacht, 925 rannpháirtí |
| Málaí leabhar Little Library dáilte ar Naíonáin Sóisir | 1,380 |
| Dúshlán léitheoireachta Réaltaí Samhraidh | 21 imeacht, 2,126 rannpháirtí |
| Am don Teaghlach ag do Leabharlann | 55 imeacht, 1,194 rannpháirtí |
| An dúshlán Read your Way | 900 dalta ó 10 meánscoil |
| Seirbhís Scoile | 773 chuairt ó bhunscoileanna, 14 chuairt ó iarbhunscoileanna, 15,362 úrscéal ranga & seirbhísí do 1,345 mhúinteoir. 6,965 shíntiús le Times Tables Rockstars & 1,600 le Touch Type Read & Spell |
| Mo Leabharlann Ar Oscailt | Maoiniú iomlán €310,000: Trá Mhór- €225,859. Dún Garbhán - €52,672, Lios Mór - €33,379 |
| Ciste na gCuntas Díomhaoin | €33,597 |
| EALAÍONA | |
| Ioncam ón gComhairle Ealaíon | €86,700 |
| Féilte Ealaíon | €294,000 |
| Maoiniú ón rannóg Ealaíon | €200,000 |
| CARTLANNA | |
| An tSeirbhís Chartlainne | 132 ceist faighte |
| Comhaid eisithe chuig rannóga na Comhairle ar iarraidh | 1,192 |
| OIFIG NA GAEILGE | |
| Fuair Oifig an Choimisinéara Teanga 1 ghearán ó dhuine sa phobal maidir le Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge in 2022. | |

## Bóithre, Uisce agus Comhshaol

| COMHSHAOL | |
|---|---|
| Iarrataí um Shaoráil Faisnéise faighte | 9 |
| Iarrataí um Shaoráil Faisnéise deonaithe | 6 |
| Iarrataí um Shaoráil Faisnéise deonaithe go páirteach | 1 |
| Iarrataí um Shaoráil Faisnéise diúltaithe | 1 |
| Iarrataí um Shaoráil Faisnéise idir lámha ag deireadh na bliana | 1 |
| Féar arna chothabháil & arna bhainistiú (béim ar bhithéagsúlacht) | 144 heicteár |
| Spásanna oscailte fágtha ina móinéir (Tionscnamh Móinéir Bhláthanna Fiáine) | 9.29 heicteár |
| Móinéir bláthanna cósta | 2 heicteár |
| Soithí móra plandaí ar na sráideanna arna gcothabháil (Plandáil inbhuanaithe a úsáidtear laistigh de gach soitheach plandaí sráide le plandaí atá neamhdhíobhálach do phailneoirí) | 130 |
| Feabhsaíodh conair choillearnach i gcomhair Siúlóid nua na Siúire | 3km |
| Uasghrádú ar áiseanna ag Clós Súgartha an Bhaile Bhig | |
| Athchóiriú Fhaiche Bhaile Bhricín tugtha chun críche | |
| Osclaíodh Páirc Clárscátála Dhún Garbhán i mí na Bealtaine | |
| Luascáin do dhaoine faoi mhíchumas suiteáilte i gclóis súgartha i nDún Garbhán, Trá Mhór & Cathair Phort Láirge | 3 |
| Suiteáladh Braiteoirí Toillte ag Ionad Fág Anseo | 70 |
| Athfhorbairt ar Pháirc Moresby i nDún Garbhán tugtha chun críche | |
| Crainn óga dúchasacha dáilte lena gcur | 300 |
| Scoileanna a ghlac páirt i gClár na Scoileanna Glasa | 86 |
| Cigirí Comhshaoil fostaithe | 4 |
| Fíneálacha bruscair eisithe | 166 |
| Fíneálacha eisithe faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola | 7 |
| Cásanna ina bhfuil imeachtaí dlí tionscanta nó ar tí imeachtaí dlí a thionscnamh | 8 |
| Litir Rabhaidh eisithe | 214 |
| Treoir faoi Alt 14 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 (WMA) | 24 |
| Fógra reachtúil faoi Alt 55 den WMA | 32 |
| Fógra reachtúil faoi Alt 18 den WMA | 12 |
| Líon na dteaghlach a ndeachthas i dteagmháil leo maidir le dramhaíl | 303 |
| Líon iomlán gearán/tuairiscí faoin gcomhshaol faighte | 2,664 |
| • Bruscar | 601 |
| • Gearáin faoi Dhramhaíl | 1,775 |
| • Gearáin faoi Thógáil & Scartáil | 29 |
| • Aer & Boladh | 76 |
| • Torann | 135 |
| Láithreáin Ionad Fág Anseo CCCPL | 71 |
| Ionaid Fóntas Poiblí CCCPL | 2 |
| Dramhaíl a bailíodh | 338.49 tonna teicstílí, 2,829 tonna gloine, 39 tonna cannaí alúmanaim, 3 thonna buidéal plaisteach |
| Deimhniú Clárúcháin | 4 |
| Cead Saoráide Dramhaíola | 2 |
| Leasuithe Teicniúla | 1 |

## Bóithre, Uisce agus Comhshaol

| | |
|---|---|
| Madraí tógtha isteach i bPóna | 191 |
| Madraí arna dtógáil ar ais ag úinéirí | 63 |
| Madraí a bhfuarthas baile nua dóibh | 58 |
| Madraí tugtha do charthanachtaí madraí | 66 |
| Madraí a cuireadh síos (fuair bás i gconchró) | 1 |
| Madraí idir lámha ag deireadh na bliana | 10 |
| Cigireachtaí tréidliachta | 60 |
| Capaill ar strae a gabhadh | 7 |
| Capaill ar strae arna dtógáil ar ais ag úinéirí | 3 |
| Capaill ar strae a bhfuarthas baile nua dóibh | 3 |
| BÓITHRE | |
| Ciliméadar de Phríomhbhóithre Náisiúnta Neartaithe | 3.8 km |
| Ciliméadar de Bhóithre Náisiúnta den Dara Grád Neartaithe | 690 m |
| Ciliméadar de Bhóithre Réigiúnacha Neartaithe | 11.6 km |
| Ciliméadar de Dhromchla Bóthair Réigiúnach Cóirithe | 25.2 km |
| % de Bhóithre Neamhnáisiúnta a ndearnadh Suirbhé orthu | 26.25% |
| Líon na nDroichead a Deisíodh/Athchóiríodh (Bóithre Réigiúnacha) | 3 |
| Ciliméadar de Bhóthar Áitiúil Neartaithe | 34.6 km |
| Ciliméadar de Dhromchla Bóthair Áitiúil cóirithe | 46.4 km |
| Líon na nDroichead a Deisíodh/Athchóiríodh (Bóithre Áitiúla) | 12 |
| Scéimeanna Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal (8) | €378,900 |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla (11) | €576,080 |
| Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail (8) | €538,450 |
| Maoiniú CLÁR | €130,050 |

### Duaiseanna a fuarthas in 2022

- *Discover Primary Science and Maths Discovery Centre* – Dúlra Chill Bharra
- Rangú IBAL 12/40
- Thacaigh CCCPL le tionscnaimh éagsúla na mBailte Slachtmhara in 2022: 2 bhuaiteoir Boinn Óir (An Sráidbhaile, Lios Mór), 4 bhuaiteoir Bonn Airgid (Aird Mhór, Baile Mhic Cairbre, Dún Garbhán, Trá Mhór) agus Gradam Dianiarrachta buaite ag an mBaile Dubh Uachtarach. Bronnadh Gradam do Cháilíocht Aeir ar Aird Mhór, ardmholadh sa chatagóir Daoine Óga na mBailte Slachtmhara, agus ba Bhuaiteoir Réigiúnach í Scoil Náisiúnta Naomh Dhéagláin in Aird Mhór ag Gradaim Scoileanna Super Valu.
- Fógraíodh Raon Rothar d'Foghlaimeoirí [Learn to Cycle Track] de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i nDún Garbhán mar bhuaiteoir sa chatagóir Sláinte agus Folláine ag Gradaim Chambers Ireland, Sármhaitheas sa Rialtas Áitiúil.
- Reáchtáladh Comórtas Bruscair Tom Murphy do Mheánscoileanna i ngach meánscoil i gCathair & Contae Phort Láirge in 2022. Ghlac 15 mheánscoil ar fud na cathrach agus an chontae páirt sa chomórtas agus fuaireadar bain-teoirí bruscair, veisteanna shofheicthe, lámhainní agus málaí chun cuidiú leo bruscar a bhaint óna gceantar áitiúil. Rinne lucht na scoileanna glantacháin thar thréimhse sé seachtaine agus chuir roinnt mhaith scoileanna croí istigh sa chomórtas, agus 3 ghlantachán sa tseachtain á ndéanamh ag ranganna éagsúla. Ba é Coláiste Pobail na hAbhann Móire a bhuaigh comórtas 2022.

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council